
Bus Átha Cliath

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2012



Bus Átha Cliath

# Clár Ábhar

Athbhreithniú ar Oibríochtaí ... 3
Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile ... 12
Tuarascáil na Stiúrthóirí ... 13
Bord Stiúrthóirí ... 18
Ráiteas ar Fhreagracht na Stiúrthóirí ... 21
Tuarascáil na nIniúchóirí ... 22
Príomhbheartais Chuntasaíochta ... 25
Cuntas Brabúis agus Caillteanais ... 26
Clár Comhardaithe ... 27
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid ... 28
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ... 29

Ba mhaith le Bus Átha Cliath aitheantas a thabhairt don mhaoiniú a fuarthas do mhórthionscadail ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 mar aon le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

NDP
National Development Plan
Transforming Ireland



Tá sé mar aidhm ag Bus Átha Cliath leanúint ar aghaidh ag cur le tarraingteacht an bhus mar chóir iompair tríd an teicneolaíocht is nuaí a úsáid

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí

## Léargas Ginearálta

Bhí 2012 ina bhliain thábhachtach do Bhus Átha Cliath inar thit mórán forbairtí dearfacha amach sa chuideachta ar fad. Tháinig méadú ar an ioncam don chéad uair ó 2008 agus tugadh le fios go raibh éileamh paisinéirí ag fanacht seasta. Cuireadh tionscadal Bhus Átha Cliath, Network Direct, i bhfeidhm ar fud na cathrach agus cuirtear seirbhísí ar fáil lena ngabhann roghanna níos dírí agus níos iontaofa do chomaitéirí an lae inniu dá bharr. Táthar an-sásta freisin leis na bealaí nua inar féidir le custaiméirí teacht ar fhaisnéis faoi sheirbhísí. Ba í an roinn ba ghnóthaí ar shuíomh gréasáin Bhus Átha Cliath Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI), chomh maith leis na haipeanna saor in aisce do na fóin chliste.

Ós rud é go bhfuarthas 80 bus athsholáthair ardteicniúil le linn na bliana, chomhlíon Bus Átha Cliath an gealltanas a rinne siad sa bhliain 2000 – cabhlach iomlán urláir ísil atá oiriúnach do chathaoir rothaí a bheith acu faoi dheireadh na bliana 2012. Cuirtear a lán gnéithe nua ar fáil sna busanna lena n-áirítear Wi-Fi. Tig le custaiméirí obair a dhéanamh, na meáin shóisialta a bhrabhsáil nó cluichí a imirt le linn dóibh a bheith i mbun comaitéireachta dá thoradh. Cuireann RTPI le hiontaofacht Bhus Átha Cliath; laghdaíonn sé amanna feithimh agus ligeann sé do dhaoine a dturas a phleanáil. Mar gheall ar an Wi-Fi ar na seirbhísí, ní bheidh na custaiméirí díomhaoin le linn a n-aistir. Is cinnte gur eispéireas lánbhreisithe comaitéireachta é seo.

Chuir an Leap Card le heispéireas taistil na gcustaiméirí freisin. Bhí an-éileamh air i gcaitheamh 2012 agus chuathas i mbun de bhreis ar 200,000 turas sa tseachtain le Cártaí Léime faoi dheireadh na bliana.

Bainfidh an chuideachta a sprioc amach maidir le filleadh ar bhrabúsacht agus ar chobhsaíocht airgeadais faoin mbliain 2014 a bhuíochas le tacaíocht leantach na bpáirtithe leasmhara uile. Beidh tuilleadh laghduithe ar chostas párolla ag teastáil sa ghearrthéarma.

## Toradh Oibriúcháin agus Staid Airgeadais in 2012

Thabhaigh Bus Átha Cliath easnamh €3.8 milliún in 2012, i gcomparáid le heasnamh €18.2 milliún in 2011. Baineadh an toradh seo amach le tairbhe an fhóirdheontais éigeandála aon uaire a bhí cothrom le €5.3 milliún a chuir an Státchiste ar fáil, agus áirítear leis táille €2.4 milliún do théarbhadh deonach.

Áirítear leis na príomhghnéithe de na torthaí airgeadais fás ioncaim €12.7 milliún agus laghduithe breise costais €8.3 milliún. Bhí éileamh custaiméirí i bhfad ní ba chobhsaí sa tréimhse dheiridh den bhliain agus baineadh fás ioncaim amach den chéad uair ó 2008. Mar gheall ar an gcuíchóiriú agus ar na tairbhí éifeachtúlachta a bhain leis an tionscadal Network Direct, i dteannta dianrialú leantach costas, baineadh tuilleadh laghduithe ar an mbonn costais amach, a bhfuil laghdú breis agus €60 milliún tagtha air ar bhonn bliantúlaithe ón mbliain 2008 i leith. Ar an drochuair, níor mhór méaduithe dosheachanta ar chostais a bhí cothrom le €6 mhilliún i réimse an bhreosla, chostais chúloifige na Scéime um Thicéadú Comhtháite agus na gcostas ar sheanchabhlach a chothabháil a iompar i rith na bliana.

**Fás ioncaim**
**€12.7 milliún**
Tháinig fás €12.7 milliún (7.1%) ar an ioncam iomlán go €191.1 milliún.

**Tuilleadh laghduithe**
**€8.3 milliún**
**milliún ar chostais**
De bharr laghduithe ar chostais phárolla, contributed €6.4 million during the year. coiglíodh €6.4 milliún le linn na bliana.

Ba é an rud ba mhó a d'imir tionchar ar ghnóthaí airgeadais Bhus Átha Cliath le blianta beaga anuas an timpeallacht gheilleagrach an-deacair. Ón mbliain 2008 i leith, bhí laghdú nach bhfacthas riamh roimhe ar éileamh na gcustaiméirí. Níl rudaí ach ag cobhsú den chéad uair cúig bliana ina dhiaidh sin. Tar éis drochthús leis an mbliain, d'fheabhsaigh éileamh na gcustaiméirí idir deireadh an tsamhraidh agus deireadh na bliana. Bhíothas an-ghnóthach thar an Nollaig go háirithe. B'ionann líon na dturas paisinéirí don bhliain 2012 agus 115.2 milliún; laghdú 1.5% é seo ó 117.0 sa bhliain 2011. Tháinig fás €12.7 milliún (7.1%) ar an ioncam go €191.1 milliún. Tháinig méadú ar ioncam paisinéirí ó €170.0 milliún go €183.2 milliún in ainneoin laghdú €0.9 milliún ar an ioncam de thoradh chealú na mórfhéilte ceoil i mBaile Phúinse agus i mBaile Shláine sa samhradh. Fritháiríodh an laghdú ar an ioncam ó na ceolchoirmeacha beagán ag coigilteas i gcostais oibriúcháin. Ba éard b'ábhar leis an méadú ar ioncam paisinéirí den chuid is mó méaduithe ar tháillí agus coigeartuithe i struchtúr na dtáillí tar éis thabhairt isteach an Chárta Léime. D'fhormheas an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) meánmhéadú 15% ar tháillí airgid i mí Eanáir 2012 chomh maith le lascaine 10% as an Leap Card a úsáid. Tháinig méadú 5% sa mheán ar tháillí réamhíoctha. Tháinig laghdú seasta ar an margadh fógraíochta. Laghdaigh an t-ioncam ó scáthláin bhus agus ó fhógraíocht ar bhusanna €1.4 milliún.

Coiglíodh €8.3 milliún in 2012 de bharr bearta laghdaithe costas. I measc na mbeart seo bhí laghduithe ar chostais nach cuid den phárolla iad, éifeachtúlachtaí gréasáin as Network Direct agus an tionchar bliana iomláine maidir le scor foirne in 2011. Coiglíodh €6.4 milliún le linn na bliana de bharr laghduithe ar chostais phárolla. Tháinig laghdú 109 ar mheánlíon na foirne le linn na bliana. Is ionann an laghdú ar mheánlíon na foirne ón mbliain 2008

i leith agus 589. Is ionann an coigilteas iomlán párolla sa tréimhse chéanna agus de bhreis ar €30 milliún.

Ba ríthábhachtach an t-ioncam méadaithe agus na laghduithe costais le haghaidh fheabhsú staid airgeadais Bhus Átha Cliath agus ionsú chostais bhreise €9.6 milliún a thabhaigh Bus Átha Cliath in 2012 mar seo a leanas: laghdú ar fhóirdheontas na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) – €3.6 milliún; méaduithe ar chostais na Scéime um Thicéadú Comhtháite (ITS) – €3.1 milliún; méaduithe ar chostas breosla – €2.1 milliún; costais bhreise chothabhála cabhlaigh – €0.5 milliún; agus laghdú ar ús infhaighte agus brabús ar dhíol busanna – €0.3 milliún.

Rinne an tionchar comhcheangailte a bhí ag an bhfás ar ioncam agus an coigilteas breise ó na bearta laghdaithe costais ar fhritháirigh costais bhreise iad an caillteanas oibriúcháin a laghdú go €10.0 milliún in 2012 roimh fhóirdheontas éigeandála €5.3 milliún, roimh laghdú aonuaire €3.3 milliún ar chostais éileamh agus roimh chostas téarfa dheonaigh €2.4 milliún. Áiríodh leis na torthaí do 2012 roinnt sochair neamh-athfhillteacha dar luach €1.1 milliún agus, dá bhrí sin, b'ionann an caillteanas bunúsach agus leanúnach do 2012 agus €11.1 milliún.

Fuair Bus Átha Cliath íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) ar luach €69.4 milliún in 2012; is laghdú €3.6 milliún é sin i gcomparáid le 2011. In ainneoin na híocaíochta níos ísle, laghdaíodh an gannchion ar an PSO ó €18.9 milliún in 2011 go €11.2 milliún agus le tairbhe na híocaíochta aonuaire éigeandála PSO de €5.3 milliún, laghdaíodh an ghlan-ghearríocaíocht go €5.9 milliún.

Tá brabúsacht riachtanach d'inbhuanaitheacht Bhus Átha Cliath agus cé go ndearnadh roinnt dul chun cinn, baineann ríthábhacht le tuilleadh laghduithe ar chostais le go mbainfear cuspóir na staide airgeadais chobhsaí amach. I gcomhar le páirtithe leasmhara agus trí mheascán de mhéadú ar an ioncam agus de laghduithe breise ar na mórchostais oibriúcháin, tá a sheacht ndícheall á ndéanamh ag Bus Átha Cliath leis na caillteanais atá á dtabhú a laghdú agus le cuideachta bhrabúsach a dhéanamh den chuideachta an athuair.

Beidh ar Bhus Átha Cliath tuilleadh méaduithe costais a ionsú in 2013, áfach, mar seo a leanas: laghdú ar íocaíocht na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) – €4.5 milliún; méaduithe ar chostas breosla – €1.9 milliún; costais bhreise chothabhála cabhlaigh – €0.6 milliún; dímheas breise – €0.8 milliún; laghduithe ar ús agus brabús ar dhíol busanna – €0.2 milliún; agus méaduithe ar chostais na Scéime um Thicéadú Comhtháite (ITS) – €1.8 milliún. Ciallaíonn sé seo go dtabhóidh an chuideachta caillteanas €20.9 milliún ar a laghad in 2013 mura ndéantar a dhath faoi.

Is é freagairt na cuideachta don staid airgeadais dhúshlánach ná aghaidh a thabhairt uirthi trí shraith chuimsitheach beart. Cuimsítear sna bearta seo:

- Pleananna laghdaithe costais – costais phárolla agus costais nach cuid den phárolla iad;
- Pleananna giniúna ioncaim;
- Togra le haghaidh méaduithe ilbhliantúla ar tháillí; agus
- Laghdú ar thimpistí agus ar an gcostas ar éilimh.

Ní mór na bearta go léir thuas a sholáthar de réir an sceidil agus an bhuiséid le go mbainfidh an chuideachta a spriocanna amach chun cuideachta bhrabúsach a dhéanamh den chuideachta an athuair faoin mbliain 2014, chun airgead a ghiniúint le haghaidh infheistíocht riachtanach agus chun bonn airgeadais na cuideachta a chobhsú d'fhonn cinnteacht maidir le soláthar seirbhísí iompair agus le hinbhuanaitheacht fostaíochta a chur ar fáil.

Cuireadh an plean faoi bhráid an bhoird in 2012 agus rinne an bord é a fhormheas. Caithfidh an chuideachta leanúint ar aghaidh anois le céim an fhorfheidhmithe. Cuireadh príomhghnéithe an phlean in iúl don fhoireann leis. Shonródh an chuideachta an bhrabúsacht an athuair sa bhliain 2014 dá gcuirfí an plean i bhfeidhm go rathúil.

Leagtar achoimre amach thíos ar an réimse beart a shonraítear sa phlean:

## 1. Laghdú Costais

Tá coigilteas párolla ina dhlúthchuid den phlean. Caithfidh an chuideachta mórathruithe a bhaint amach ar chostais phárolla in 2013 lena chinntiú go dtabharfar aghaidh éifeachtach ar an staid airgeadais thromchúiseach. Lean an chuideachta ar aghaidh lena laghdú ar chostais nach cuid den phárolla iad de réir na staide dúshlánaí airgeadais san am i láthair. Sprioc atá ann laghduithe caiteachais €1.0 milliún a bhaint amach in 2013 i réimsí amhail iad seo a leanas: fuinneamh; ábhair agus seirbhísí; agus caiteachas lánroghnach eile. Tá an chuideachta ag baint amach laghduithe inbhuanaithe maidir lena chostais timpistí agus éileamh. Níl sé beartaithe an leibhéal seirbhíse do na custaiméirí a laghdú.

## 2. Éileamh na gCustaiméirí agus Straitéis Giniúna Ioncaim

Ba é anuraidh, 2012, an chéad bhliain ó 2008 inar tháinig méadú ar an mbonn ioncaim. B'amhlaidh an scéal de bharr an mhéadaithe mhóir ar tháillí. Rinne laghdú beag ar líon na bpaisinéirí an méid seo a fhritháireamh beagán. Is é is príomhchúis leis an méadú ar ioncam PSO de thairbhe méaduithe ar líon na bpaisinéirí torthaí athstruchtúrú na seirbhísí sa tionscadal Network Direct, a críochaíodh faoi dheireadh na bliana 2012 faoi réir cúpla coigeartú sa deireadh. Is gné thábhachtach den phlean

téarfa airgeadais é fás trí ghiniúint ioncaim. Cé go ndéanfaidh an easpa fostaíochta dochar do líon na bpaisinéirí mar is gnách, tá deiseanna fáis ann anois de thoradh an ghréasáin athbhreithnithe seirbhísí agus iontaofacht seirbhíse níos fearr faoi Ghréasán Díreach, mar aon le tabhairt isteach Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí agus Ticéadú Comhtháite. Bainfear feidhm as na deiseanna seo trí níos mó gníomhaíochtaí margaíochta sna croíbhealaí, trí fheachtais spriocdhírithe ar leith tráth uaireanta seachbhuaice agus ag an deireadh seachtaine, agus trí acmhainní cosanta ioncaim a chur chun feabhais.

### 3. Méaduithe ar Tháillí

D'fhormheas NTA mórmhéaduithe ar na táillí le blianta beaga anuas. Tar éis méadú 15% ar tháillí airgid ón 1 Eanáir 2012, tháinig méadú eile 8% i bhfeidhm ón 1 Nollaig 2012. San áireamh sa phlean gnó tá straitéis táillí 2014-2016 agus braithfidh méaduithe ar roinnt tosca lena n-áirítear boilsciú agus na coinníollacha margaidh. Tá gach méadú ar tháillí faoi réir fhormheas an NTA. Le linn na bliana 2013, beidh ar Bhus Átha Cliath dul i ngleic le dúshláin chasta i leith bainistíocht ioncaim mar gheall ar na hathruithe agus ar na forbairtí atá beartaithe fearacht lacáistí Leap Card agus caidhpeála do chustaiméirí.

### 4. Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

Buncheist don chuideachta is ea an laghdú ar an Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO). Dheimhnigh an NTA gurb ionann an PSO in 2013 agus €64.9 milliún, laghdú €4.5 milliún (6.5%) ó 2012.

Cé go bhfuil na bearta a mholtar dúshlánach, chruthóidís cuideachta ag a mbeadh staid airgeadais chobhsaí agus chinnteofaí go nginfí airgead le haghaidh infheistíocht ríthábhachtach sa ghnó, go ndéanfaí seirbhísí a chothabháil do na custaiméirí agus go dtabharfaí slándáil poist ní b'fhearr do na fostaithe.

## Network Direct

Lean an tionscadal Network Direct ar aghaidh ag déanamh athdhearadh rathúil ar sheirbhísí in 2012 le héileamh custaiméara a shásamh agus chun amchláir sheirbhíse a mhionathrú le go mbeidh siad de réir feabhsúcháin am reatha agus bearta tosaíochta bus. Thosaigh an tionscadal in 2010 tar éis athbhreithniú straitéiseach ar oibríochtaí na cuideachta. Ba éard a bhí i gceist anseo ná maitrís chasta d'athruithe amchláir, laghdú ar líon na bhfostaithe, laghdú ar an gcabhlach busanna, críochfoirt nua, bealaí athbhreithnithe, agus socruithe oibre d'fhostaithe. Theastaigh comhairliúchán fairsing le go leor páirtithe leasmhara agus clár cuimsitheach cumarsáide. Mar chuid den chlár seo, thionóil Bus Átha Cliath de bhreis ar 30 seisiún comhairliúcháin phoiblí agus os cionn 400 cruinniú le páirtithe leasmhara. Tá an tionscadal críochnaithe anois agus leanann Bus Átha Cliath ar aghaidh ag cur an ghréasáin nua chun cinn lena chinntiú go ndéanann sé freastal ar éilimh mhuintir Bhaile Átha Cliath mar is gnách.

## Dul chun Cinn na Teicneolaíochta

Rinneadh tuilleadh feabhais in 2012 ar na tairbhí a ghabhann leis an gcóras um Rialú agus Uathláthair Feithicle (AVLC) chun Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI) a thabhairt do chustaiméirí.

Bhí RTPI ar fáil ar 272 scáileán taispeána RTPI ar an tsráid ag tús na bliana. Faoi dheireadh na bliana, bhí 415 scáileán suite ar an tsráid. Tugann na scáileáin taispeána seo amanna tuartha sroichte na mbusanna. Bainfear feidhm as tuilleadh scáileáin taispeána in 2013 agus tá sé ina sprioc go mbeidh 500 aonad RTPI ar fad lonnaithe ar fud ghréasán Bhus Átha Cliath. Suiteálann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath na scáileáin taispeána ar an tsráid thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA).

Is féidir le custaiméirí teacht ar RTPI freisin trí shuíomh gréasáin Bhus Átha Cliath, trí aipeanna saor in aisce iPhone agus Android, trí sheirbhís SMS an Údaráis Náisiúnta Iompair agus trí shuíomh gréasáin Transport for Ireland. Ó tugadh an áis isteach, is é RTPI an ghné is mó tóir fós ar shuíomh gréasáin Bhus Átha Cliath agus san aip don fhón cliste. Ag deireadh 2012, d'íoslódáil os cionn 300,000 custaiméir an aip.

Tá an 80 bus de chineál GT, a seachadadh i rith 2012, feistithe le comharthaí eolais dátheangacha do phaisinéirí a thaispeánann ainm an chéad stad eile. Triaileadh córas fógartha poiblí i mí Dheireadh Fómhair ar Bhealach 7 inar fógraíodh an chéad stad eile. Tar éis aiseolas dearfach a fháil ó chustaiméirí i dtaobh na bhfógraí, cuirfear an ghné i bhfeidhm san uile bhealach ina dtéann na busanna seo de chineál GT. Má fhaightear an maoiniú, cuirfear áis fógartha an chéad stad eile i mbusanna eile sa chabhlach. Beidh sé seo ina iarfheistiú sna seanbhusanna agus ina ghné chaighdeánach sna busanna nua.

Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar shorochtaineacht ar an Idirlíon mar thoradh ar Wi-Fi. I mí Feabhra 2012, chuir Bus Átha Cliath tús le triail Wi-Fi dhá mhí ar dheich mbus ar Bhealach 16 a théann idir Baile an tSaoir agus Seantrabh. Sholáthair Fleet Connect an trealamh don triail inar tairgeadh áis Wi-Fi do chustaiméirí ar na busanna seo. Rinneadh tástáil sa triail ar na mórsholáthróirí sonraí uile (O2, Vodafone, 3 agus e-mobile) ar fhoras raon geografach an chlúdaigh leathanbhanda agus príomhtháscairí cáilíochta eile. D'éirigh go maith leis an triail agus, dá bhrí sin, cuireadh an teicneolaíocht Wi-Fi san 80 bus athsholáthair a tugadh isteach sa chabhlach le linn na bliana. Cuireadh na busanna ar bhealaí 1, 4, 7, 29a, 33, 102, 104 agus 151. Is

é is ciall leis seo go bhfuil custaiméirí ar na bealaí seo in ann teacht ar an Idirlíon ar ardluasanna le haghaidh oibre agus caitheamh aimsire agus iad i mbun comaitéireachta gach lá. Tháinig méadú ar an úsáid as an áis i gcaitheamh na bliana. I mí na Nollag 2012 amháin, bhain os cionn 21,000 duine úsáid as Wi-Fi i 90 bus 58,740 uair. Mhair na seisiúin cóir a bheith leathuair an chloig ar an meán. Mar thoradh ar a fheabhas a bhí an triail agus ar úsáid mhéadaithe na seirbhíse ar an 90 bus seo, tá súil ag an gcuideachta an tseirbhís Wi-Fi a chur sa chabhlach ar fad má fhaightear an maoiniú faoina choinne.

Tá sé mar aidhm ag Bus Átha Cliath leanúint ar aghaidh ag cur le tarraingteacht an bhus mar chóir iompair tríd an teicneolaíocht is nuaí a úsáid.

## Leap Card

Cuireadh an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú an Chárta Léime i gcrích i mí na Nollag 2012; is é sin an córas nua comhtháite ticéadaithe iompair faoi choinne Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Tairgeann an cárta, a seoladh ag aon am amháin i gcomhair sheirbhísí Bhus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus Luas, rogha gan airgead tirim do chustaiméirí agus iad ag íoc as turais aonair. Féadfaidh custaiméirí de bhreis ar 12% a choigilt ar an meán ach úsáid a bhaint as Leap Card in áit airgid.

Ag tús na bliana, reáchtáladh feachtas fairsing fógraíochta chun béim a leagan ar na buntáistí a bhaineann leis an Leap Card. Faoi dheireadh 2012, eisíodh 198,000 cárta san iomlán agus rinneadh tuairim is 200,000 turas sa tseachtain ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath leis an gcárta.

Tabharfaidh an NTA gnéithe nua isteach ar an Leap Card in 2013. Ina measc beidh caidhpeáil laethúil agus sheachtainiúil agus aistriú na dtáirgí indiúscartha réamhíoctha de chuid Bhus Átha Cliath – na cártaí cliste Rambler agus Taxsaver – chuig an Leap Card.

## Custaiméirí Nua a Mhealladh

Shainaithin Bus Átha Cliath trí phríomhbhacainn fáis i measc mhuintir Bhaile Átha Cliath (úsáideoirí agus neamhúsáideoirí bus) arb ionann iad agus bacainní idirnáisiúnta i leith Iompar Poiblí:

- Iontaofacht/Intuarthacht;
- Ticéadú Casta; agus
- Gréasán Casta.

Dhírigh na gníomhaíochtaí margaíochta uile le blianta beaga anuas ar bhaint na mbacainní seo a chur in iúl do chustaiméirí féideartha, daoine ag a bhfuil tuairimí nó braistintí as dáta go minic faoin tseirbhís atá á cur ar fáil. Is iomaí tairbhe ann d'úsáideoirí bus i gcomparáid leis an gcarr príobháideach, mar shampla, críochnú an tionscadail Network Direct, tabhairt isteach RTPI, seoladh na n-aipeanna fón cliste agus seoladh an Chárta Léime. Le linn 2012, sheol Bus Átha Cliath feachtas fógraíochta a dhírigh ar chur in iúl na dtairbhí seo uile do chustaiméirí féideartha agus do chustaiméirí reatha agus le dearcthaí faoin mbus mar chóir iompair a athrú.

Bhí sé mar aidhm ag an bhfeachtas na forbairtí a leanas sa tseirbhís a chur chun cinn, forbairtí nach bhfuil ar eolas ag custaiméirí ócáideacha ná ag custaiméirí féideartha b'fhéidir, fearacht na bhforbairtí seo a leanas:

- An méadú suntasach ar sheirbhísí traschathrach ardmhinicíochta agus an 22 sárbhealach príomha a thairgeann níos mó roghanna taistil dhírigh do chustaiméirí;
- Tá cabhlach glan nua-aimseartha ag Bus Átha Cliath;
- Ciallaíonn bearta tosaíochta bus níos lú brú tráchta;
- RTPI;
- Áis agus luach an Chárta Léime/ticéad réamhíoctha;
- Buntáistí na scéime Taxsaver; agus
- Is saoire an bus ná an carr príobháideach.

Ionas go ndéanfaí ceangal ní b'fhearr leis na custaiméirí, baineann mórán cuideachtaí leas as greann ina gcuid feachtais fógraíochta agus b'amhlaidh an scéal san fheachtas seo. Bhí an fhógraíocht teilifíse de stíl scigchlár faisnéise agus uaslódáladh í ar chainéal YouTube na cuideachta. Rinneadh fógraíocht ar líne, fógraíocht phreasa, fógraíocht ar bhusanna agus fógraíocht raidió don fheachtas freisin. Spreag líne deiridh an fheachtais, "Do you get it?", an lucht féachana chun breithniú a dhéanamh ar Bhus Átha Cliath mar rogha inmharthana lena gcuid riachtanais chomaitéireachta a shásamh.

Rinneadh slám forbairtí le linn na bliana chun láithreacht na cuideachta ar líne a fheabhsú agus chun eispéireas iomlán na gcustaiméirí a chur chun feabhais tuilleadh. Cuireadh gnéithe nua le suíomh gréasáin na cuideachta lenar áiríodh feidhmiúlacht suímh níos fearr, athróir méid cló, gné ama/dáta/aimsire agus áis feabhsaithe 'cuardaigh'. D'fhonn an oiread cumarsáide agus is féidir a chothú idir an chuideachta agus na custaiméirí trí na meáin shóisialta, sheol an chuideachta a gcainéal YouTube féin. Comhlánaíonn sé seo suíomhanna oifigiúla eile Bhus Átha Cliath ar na meáin shóisialta. Seoladh é in 2011 agus tháinig méadú ar líon na leantóirí i gcaitheamh na bliana agus mhéadaigh sé an caidreamh leis na custaiméirí.

Chuir taighde custaiméara i mí na Nollag 2012 in iúl go ndeachaigh an feachtas fógraíochta, a bhí ar siúl idir mí na Bealtaine agus mí Mheán Fómhair, i gcion ar chuid mhór custaiméirí, agus go raibh tuairim i bhfad níos fearr

acu faoi Bhus Átha Cliath i ndiaidh an feachtas a fheiceáil. Leathnófar an feachtas seo níos mó in 2013. Díreofar ar chabhair a thabhairt do na custaiméirí reatha agus do chustaiméirí féideartha a mbealach a fháil thart ar an ngréasán nua go furasta.

## Conradh Seirbhíse Poiblí – Oibleagáidí Feidhmíochta á mBaint Amach ag Bus Átha Cliath

Síníodh an Conradh Seirbhíse Poiblí idir an tÚdarás Iompair Náisiúnta (NTA) agus Bus Átha Cliath i mí na Nollag 2009. Leagtar amach sa chonradh an gréasán agus raon na seirbhísí atá le soláthar ag Bus Átha Cliath, na leibhéil feidhmíochta atá le baint amach agus an cúiteamh atá le híoc ag an NTA le haghaidh sholáthar na seirbhísí seo. Déantar iniúchadh neamhspleách ar chuid mhór de na réimsí feidhmíochta a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí. Soláthraítear sceideal de cháipéisí feidhmíochta don NTA gach Ráithe. Cuirtear na torthaí i láthair, déantar iad a mhíniú agus déantar plé orthu ag cruinnithe athbhreithnithe Ráithiúla idir an NTA agus Bus Átha Cliath. Baineann Bus Átha Cliath a gcuid spriocanna feidhmíochta amach agus sáraíonn siad iad go rialta.

## Líne Luas BXD

D'eisigh an Bord Pleanála an tOrdú Iarnróid maidir le tógáil Líne Luas BXD an 2 Lúnasa 2012. Oibreoidh an líne idir Faiche Stiabhna agus Droichead Broome/an Chabrach agus rachaidh sí trí Shráid Dhásain, Sráid Westmoreland, Sráid Uí Chonaill agus an Chloch Leathan. Cruthóidh an tógáil, a thosóidh sa 3ú Ráithe in 2013, dúshláin agus rioscaí móra d'oibríochtaí bus. Tá Bus Átha Cliath i mbun dlúthchaidrimh leis an NTA, an RPA agus an DCC maidir le pleanáil beart maolaitheach chun na rioscaí seo a laghdú agus leanfar den obair seo go dian i rith 2013.

## NTA – Conradh Dámhachtana Dírí a Athnuachan do Bhus Átha Cliath in 2014

Reáchtáil an NTA comhairliúchán neamhreachtúil in 2012 maidir le hathnuachan conradh dámhachtana dírí do Bhus Átha Cliath. Cuimsíodh iarratas ar thuairimí freisin maidir le hoscailt an mhargaidh bhus d'oibreoirí príobháideacha. Rinne Bus Átha Cliath aighneacht iomlán chuig an NTA agus tá sé ag glacadh páirt iomlán sa phróiseas. Reáchtálfar comhairliúchán reachtúil eile in 2013.

## Tábhacht an Ionaid Shábháilte Oibre

Tá Bord Bhus Átha Cliath agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin tiomanta do chosaint shábháilteacht, shláinte agus leas na bhfostaithe, na gcustaiméirí agus na ndaoine a ndéanann ár ngníomhaíochtaí difear dóibh, ar nós úsáideoirí eile bóithre, cuairteoirí chuig ár n-áitribh nó conraitheoirí a bhíonn ar fostú ag an gcuideachta.

Tugann Córas Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) na cuideachta creatlach mhionsonraithe faoi choinne bhainistiú na rioscaí sláinte agus sábháilteachta a ghabhann le hoibríochtaí na cuideachta. Sainíonn an SMS freagrachtaí na mbainisteoirí sinsearacha, na mbainisteoirí idirmheánacha agus na maoirseoirí. Caithfidh siadsan a chinntiú go bhfuil lántuiscint ag a bhfostaithe ar na riachtanais agus go gcomhlánaíonn siad iad.

Cé go bhfuil an ceanglas chun dóthain oiliúna agus treoracha a sholáthar cumhdaithe i gceanglais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, tuigeann Bus Átha Cliath i rith an ama a thábhachtaí atá sé na buncheanglais a shárú trí mheasúnú leanúnach a dhéanamh ar riachtanais inniúlachta a fhostaithe. Léirítear é seo ina chlár oiliúna pleanáilte a áiríonn oiliúint neamhreachtúil ar leith agus faisnéisiú cumarsáide rialta intí a bhaineann le faisnéis ina bhfuil an tsábháilteacht criticiúil.

Chuir Bus Átha Cliath tús lena chúigiú modúl, an ceann deireanach, maidir le hoiliúint don Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil ('Ról an Tiománaí Ghairmiúil sa Tionscal Iompair') i mí Mheán Fómhair 2012. Gheobhaidh an uile thiománaí a gcártaí cáilíochta nua CPC roimh an 10 Meán Fómhair 2013. Lena chois sin, bhí an t-aiseolas a fuarthas ó thiománaithe i dtaobh theicneolaíocht nua na cuideachta d'oiliúint tiománaithe (VigilVanguard) an-dearfach go deo. Fuair os cionn 1,000 tiománaí oiliúint athnuachana ó tugadh an córas isteach i mí Feabhra 2012.

Ó thaobh timpistí de, tháinig laghdú eile ar an ráta imbhuailtí (-1.5%) agus ar thimpistí custaiméirí (-1.8%) in 2012 i gcomparáid le figiúirí na bliana roimhe sin. Is eol don chuideachta i rith an ama a thábhachtaí atá idirghabhálacha oiliúna agus feachtais d'fhonn na laghduithe seo a bhaint amach. Tá sprioc eile laghduithe 2% eile a bhaint amach sa dá réimse mar chuid de na cuspóirí sábháilteachta don bhliain 2013.


Cé go mbíonn mórán cúiseanna éagsúla i gceist le timpistí a tharlaíonn ar na busanna, tuigeann an chuideachta a thábhachtaí atá sé oideachas a chur ar na custaiméirí go leanúnach maidir leis na bunbhearta sábháilteachta is ceart a chomhlíonadh le linn taistil ar bhusanna. Tugadh doirse láir isteach an athuair san 80 bus nua go mall in

2012. Dá bhrí sin, tugadh sraith teachtaireachtaí fuaime/amhairc ar bord isteach sna feithiclí seo lena chur in iúl do na custaiméirí gur cheart na doirse seo a úsáid nuair a imítear ón mbus ag stadanna bus.

## Úsáid Fuinnimh

D'fheidhmigh Bus Átha Cliath cabhlach 930 bus a chlúdaigh 57,372,160 ciliméadar in 2012. Is é an príomhídiú fuinnimh an úsáid breosla a bhaineann le feidhmiú an chabhlaigh busanna. Úsáideadh 28 milliún lítear breosla díosail in 2012. Áirítear leis na príomhfhoinsí eile fuinnimh seacht ngaráiste cothabhála na cuideachta agus an úsáid gháis agus leictreachais a bhaineann leo. Sa mhullach air sin, tá roinnt foirgnimh oifigí ag Bus Átha Cliath lena n-áirítear ceannoifig, oifig soláthair agus ceaintín. Is éard atá i gceist leis an miondealú ar úsáid fuinnimh ná úsáid breosla an chabhlaigh (95.2% den ídiú), úsáid leictreachais sna teaghais (1.9% den ídiú) agus ídiú gás sna teaghais (2.9% den ídiú). Baineann suas le 70% den úsáid leictreachais sna garáistí cothabhála le soilsiú sna foirgnimh agus sna láithreacha clóis seachtracha. Baineann ídiú gáis go príomha le téamh na n-áitreabh. Baineann formhór an ídithe fuinnimh sna hoifigí le soilsiú, trealamh oifige agus aonaid aerchóirithe.

In 2012, d'ídigh Bus Átha Cliath 299,453 MWh fuinnimh, ina raibh:




- 284,767 MWh breosla díosail chun an cabhlach busanna a rith;
- 5,786 MWh leictreachais; agus
- 8,900 MWh gáis nádúrtha.

In 2012, thug Bus Átha Cliath faoi réimse tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lenar áiríodh:

- Comhaontú comhpháirtíochta le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI);
- Soilse LED a thriail i gclaiseanna Ceardlainne;
- Feithiclí nua a cheannach ina gcuirfear innill chaighdeánacha Euro 5;
- Oiliúint Mapa Fuinnimh d'fhostaithe;
- Feasacht ar chúrsaí fuinnimh a chur chun cinn i measc fostaithe;
- Leanúint le monatóireacht fuinnimh ag gach teaghais;
- Leanúint le hoiliúint éicithiomána do thiománaithe; agus
- I dteannta a chéile, tá na bearta seo agus bearta eile ag coigilt 21,423 MWh in aghaidh na bliana.

Tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath in 2013 feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú níos mó trí na tionscnaimh a leanas a ghabháil de láimh:

- Trialacha a thionscnamh maidir le héicithiomáint cabhlaigh trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht ar bord;
- Caidéil uisce a uasghrádú agus a ionadú le mótair éilimh ghníomhachtaithe brú;
- Braiteoirí PIR i mbusárais agus i gclaiseanna ceardlainne;
- Monatóireacht ar bhreosla cabhlaigh de réir bealaigh;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais aeir chomhbhrúite;
- Feithiclí nua a cheannach ina gcuirfear innill chaighdeánacha Euro 5;
- Feachtas Feasachta ar Chúrsaí Fuinnimh;
- Oiliúint VigilVanguard do thiománaithe, lena n-áirítear teicnící éicithiomána; agus
- Tuilleadh deiseanna coigilte fuinnimh a shainaithint trí na foirne áitiúla bainistíochta fuinnimh.

## Clár Athsholáthair Cabhlaigh

Chuir Bus Átha Cliath orduithe isteach in 2012 le haghaidh busanna nua dhá urlár ag a raibh fonnadh Volvo B9 agus cabhailobair Wrightbus. Tosaíodh an seachadadh i mí Lúnasa agus críochnaíodh é roimh dheireadh na bliana, seachas dhá fheithicil. Tá na hinnill chaighdeánacha Euro 5 is déanaí sna feithiclí agus beidh feabhas suntasach ar astuithe dá mbarr. Anuas air sin, tá líon gnéithe nua sna feithiclí a chuirfidh le heispéireas na gcustaiméirí agus le sástacht na bpaisinéirí. Orthu sin tá suíochánra níos fearr, ceamaraí slándála CCTV breise, faisnéis do na paisinéirí faoin gcéad stad eile agus rochtain ar Wi-Fi. Tá doirse láir sna feithiclí freisin. Beidh siad seo ina gcuidiú nuair a théitear ar an mbus agus laghdóidh siad agaí stoptha ag stadanna. Chuir an NTA maoiniú ar fáil do na feithiclí athsholáthair seo.

## Clár Athchóirithe Cabhlaigh

Sa bhliain 2011, chuir Bus Átha Cliath tús le sraith feabhsúcháin seirbhíse ar na feithiclí a bhí ann an t-am sin agus leanadh ar aghaidh leis an gclár seo i gcaitheamh 2012. Fuarthas maoiniú ón NTA faoi choinne na bhfeabhsúchán. Cuirfidh siad sábháilteacht agus iontaofacht na bhfeithiclí chun feabhais ionas go mbeidh na custaiméirí níos sásta leo.

Rinneadh na feabhsúcháin ar ghnéithe cabhailoibre, meicniúla agus leictreacha dár bhfeithiclí atá níos sine.

## Inrochtaineacht Chabhlaigh – Seirbhís Bhus do Gach Duine

Choinnigh Bus Átha Cliath orthu ag díriú ar fheabhsú inrochtaineacht na seirbhísí do chustaiméirí in 2012. San áireamh sna busanna nua GT a tugadh isteach i gcabhlach na cuideachta le linn na bliana tá fonnadh urláir íseal, crochadh glúine le hairde na céime isteach a laghdú níos mó, rampa inghiorraithe ag an mbealach isteach agus spás tosaíochta níos fearr i gcomhair úsáideoirí cathaoir rothaí. Cinntíonn na gnéithe tábhachtacha seo go bhfuil cabhlach Bhus Átha Cliath 100% inrochtana anois. Tagann an toradh seo le tiomantas na cuideachta cabhlach iomlán urláir íseal atá oiriúnach do chathaoir rothaí a bheith acu faoi dheireadh na bliana 2012.

Tá réimse gnéithe feabhsaithe inrochtaineachta le fáil san 80 bus nua freisin, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- comharthaí eolais dátheangacha do phaisinéirí sna salúin uachtair agus íochtair a fhógraíonn an chéad stad bus eile;
- comharthaíocht níos soiléire le spás tosaíochta d'úsáideoirí cathaoir rothaí a shainaithint; agus
- comharthaíocht níos fearr ag an láthair shuí thosaigh ina n-iarrtar na suíocháin seo a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine scothaosta, do mhná atá ag iompar clainne nó do dhaoine a bhfuil deacrachtaí seasaimh acu.

Tá na forbairtí seo ar ghnéithe inrochtaineachta mar thoradh, go páirteach, ar ghrúpa oibre inrochtaineachta Bhus Átha Cliath a thagann le chéile gach ráithe. Tá ionadaithe ó ghrúpaí úsáideoirí éagsúla ann lena n-áirítear na cinn seo a leanas: Comhairle Náisiúnta na nDall in Éirinn (NCBI), Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA), Áras Mhíchíl, Cumann na hÉireann um Madraí Treorach agus Parlaimint na nDaoine Scothaosta.

Tá an chuideachta ag triail fógraí fuaime don chéad stad eile ar Bhealach 7, a bhreiseodh eispéireas taistil na gcustaiméirí lagamhairc.

Lean Bus Átha Cliath ar aghaidh leis an Scéim Cúnaimh Taistil in 2012 freisin. Tá ag éirí go breá leis an scéim i rith an ama. Faigheann an iliomad daoine cabhair maidir leis an dóigh le taisteal go neamhspleách ar iompar poiblí. A bhuíochas le cabhair ó Chúntóir Taistil lánaimseartha, cuirtear sainphlean taistil le chéile le freastal ar riachtanais aonair na gcustaiméirí. Tig le custaiméirí tuilleadh faisnéise a fháil faoi Chúnamh Taistil ach dul i dteagmháil le hOifigeach Rochtana Bhus Átha Cliath ar an nguthán ag (01) 7033204 nó trí ríomhphost a chur go travelassist@dublinbus.ie.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) – Ár Saothar sa Phobal

Sa bhliain 2012, chruthaigh Bus Átha Cliath féiniúlacht nua don iomad gníomhaíochtaí CSR arna ngabháil de láimh ag an gcuideachta – Bus Átha Cliath Community Spirit Initiative. Léiríonn an fhéiniúlacht nua seo tiomantas Bhus Átha Cliath do ról gníomhach a ghlacadh sna pobail ina bhfeidhmíonn na seirbhísí.

Ón mbliain 2003 i leith, bhronn Bus Átha Cliath deontais ar ghrúpaí deonacha agus ar ghrúpaí pobail i mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA). Go dtí seo, fuair os cionn 1,300 grúpa maoiniú faoin gclár, a chuidigh le mórán cúiseanna fiúntacha i bpobail i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Mar chuid d'athbhrandáil ghníomhaíochtaí CSR na cuideachta in 2012, tugadh féiniúlacht nua isteach don chlár – Dámhachtainí Spiorad Pobail Bhus Átha Cliath. In 2012, fuair 80 grúpa deonach ó mhórcheantar Bhaile Átha Cliath dámhachtainí maoinithe. Fuair na cúig eagraíocht a leanas an dámhachtain is airde de €5,000: Grúpa Tacaíochta Ailse Thamhlachta; Scoil Chluainte Bhaile Eoghain; Comhairle Pobail Cheantar Bhaile Scadán; Club Dornálaíochta na dTrí Dhroichead, Baile Munna; agus Cumann na gCúramóirí, Cluain Dolcáin. Cuireadh tús leis na dámhachtainí seo chun aitheantas agus tacaíocht a thabhairt don obair fhíorluachmhar a dhéanann grúpaí áitiúla i ngréasán Bhus Átha Cliath gach lá. Tá an t-iarpheileadóir idirnáisiúnta, Niall Quinn, ina phátrún ar an tionscnamh ó tosaíodh é.

Tionscadal eile atá san áireamh sa Community Spirit Initiative ná Féilire agus Comórtas Ealaíne bliantúil na bPáistí. Tá Comhordaitheoirí tiomnaithe Scoile agus Pobail ar fostú ag Bus Átha Cliath. Neartaíonn agus cothaíonn siad caidreamh leis an aos óg i scoileanna náisiúnta agus i meánscoileanna ar fud Bhaile Átha Cliath. Tá sé mar aidhm ag Bus Átha Cliath a thábhachtaí atá iompar poiblí i bpobail áitiúla a chur chun cinn i measc custaiméirí óga trí bhéim a leagan ar thairbhí an bhus os comhair na bpáistí seo. Roghnaíonn na comhordaitheoirí scoileanna náisiúnta ar ghréasán bealaí na cuideachta le páirt a ghlacadh sa chomórtas gach bliain agus iarrann siad ar na páistí pictiúr nó dán atá bunaithe ar théama bus a chur isteach. In 2012, ghlac scoileanna náisiúnta i mBaile Formaid, i mBaile Munna, i nGort na Silíní, i gCluain Dolcáin, sa Chúlóg, i gCromghlinn, i nDarndál, i bhFionnghlas, in Inse Chór, i mBaile Néill agus i dTamhlacht páirt sa chomórtas. Foilsíodh na hiarratais bhuaiteacha i bhFéilire Ealaíne na bPáistí do 2013. Dáileadh an féilire ar na scoileanna a ghlac páirt sa chomórtas, ar fhostaithe Bhus Átha Cliath agus ar ionadaithe tofa i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Cuireadh na hiarratais bhuaiteacha a bhí san fhéilire ar taispeáint i searmanas speisialta i gCé an Adhmaid in oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Eagraíonn Bus Átha Cliath agus iarpheileadóir idirnáisiúnta na hÉireann, Niall Quinn, Comórtas Ciceanna Pionóis Bhus Átha Cliath/Niall Quinn gach bliain. Bíonn sé ar siúl i staidiam peile i mBaile Átha Cliath a roghnaítear gach bliain. Bhí comórtas na bliana seo ar siúl in Ionad Óige agus Pobail Chrann Phapáin, Baile Munna. Tugadh deis an lá sin do pháistí roghnaithe idir 8 agus 14 bliana d'aois ón tionscadal samhraidh áitiúil dul i mbun traenála agus comórtas ciceanna pionóis in éineacht le Niall Quinn. Roghnaítear ceantar nua gach bliain leis an ócáid a óstáil. Eagraítear an ócáid i gcomhar le Grúpaí Óige agus leis an nGarda Síochána. Tá sé de chuspóir ag an tionscadal aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann grúpaí deonacha agus an Garda Síochána chun tacú leis an aos óg sa samhradh agus chun a thábhachtaí atá iompar poiblí i bpobail áitiúla a chur chun cinn i measc daoine óga ar fud Bhaile Átha Cliath.

## Forbairtí i Seirbhísí Tráchtála

D'fheidhmigh an rannóg tráchtála go maith mar is gnách ina míreanna margaidh i gcaitheamh na bliana 2012. Dhúbail fás an Airlink Airport Express, a athdhearadh agus a athsheoladh i samhradh 2011. De bharr gníomhaíochtaí margaíochta ní b'fhearr ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus in óstáin agus i dtithe aíochta feadh an bhealaigh nua, tháinig méadú ar an bhfeasacht ar an gcáilíocht seirbhíse atá á tabhairt chomh maith le méadú ar an léirthuiscint don tseirbhís sin. Díoladh ní ba mhó ticéad ag an mboth nua um Eolas Aerfoirt ná mar a rabhthas ag súil leis. Osclaíodh an both i mí Eanáir 2012. D'éirigh go maith freisin leis na Turais Fámaireachta le linn na bliana. Tháinig tuilleadh fáis ar an sciar den mhargadh in ainneoin gur tháinig ní ba lú turasóirí go Baile Átha Cliath. Dar le figiúirí Fháilte Éireann, laghdaigh líon na gcuairteoirí go hÉirinn 1% aníos go Meán Fómhair 2012. Bhí an-rath go deo, áfach, faoin gcluiche peile Meiriceánaí idir Notre Dame agus Navy i mí Mheán Fómhair 2012. Bhí fás 20% le sonrú fad a bhí siad anseo. Leagann Bus Átha Cliath an-bhéim ar chúrsaí cáilíochta mar is gnách. Don dara bliain as a chéile, tá an-bhród ar an gcuideachta Deimhniú Feabhais TripAdvisor a bhaint don bhliain 2012 as an turas Hop on-Hop off agus as an Ghostbus Tour. Bronntar na dámhachtainí seo as rátálacha sástachta custaiméirí a bhaint amach go comhsheasmhach ó bhaill TripAdvisor, an suíomh gréasáin is fearr ar domhan le haghaidh cúrsaí taistil.



Tá líon gnéithe sna feithiclí a chuirfidh le heispéireas na gcustaiméirí agus le sástacht na bpaisinéirí

# Bord Stiúrthóirí

## Stiúrthóirí amhail an 11 Aibreán 2013

An tUasal K. Bonner, Cathaoirleach

An Dr P. Barker

An tUasal G. Joyce

An tUasal B. McCamley

An tUasal W. McDermott

An tUasal M. McGennis

An Dr K. Rafter

## Príomhfheidhmeannach

An tUasal P. Doherty

## Rúnaí

An tUasal R. O'Farrell

## Oifig Chláraithe

59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

Teileafón: +353 1 872 0000

Facs: +353 1 873 1195

Suíomh Gréasáin: www.dublinbus.ie

Uimhir Chláraithe: 119569

## Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil

Aon Duga Spencer

Cé an Phoirt Thuaidh

Baile Átha Cliath 1

# Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is é príomhghníomhaíocht na cuideachta seirbhís chuimsitheach bhus a chur ar fáil i gcathair Bhaile Átha Cliath agus sa cheantar máguaird.

In 2012, d'iompair an chuideachta 115.2 milliún custaiméir, laghdú 1.5% ó 2011. B'ionann an t-ioncam iomlán agus €191.1 milliún in 2012 i gcomparáid le €178.3 milliún an bhliain roimhe sin. Le linn na bliana 2012, cuireadh an tionscadal Network Direct a bhaineann le hathdhearadh seirbhísí le héileamh na gcustaiméirí a shásamh agus le hamchláir sheirbhíse a mhionathrú le go mbeidh siad de réir feabhsúcháin am reatha agus bearta tosaíochta bus, i gcrích faoi réir roinnt coigeartuithe beaga eile. I gcomhar le páirtithe leasmhara agus trí mheascán de mhéadú ar an ioncam agus de laghduithe breise ar na mórchostais oibriúcháin, tá a sheacht ndícheall á ndéanamh ag Bus Átha Cliath leis na caillteanais oibriúcháin atá á dtabhú a laghdú agus le cuideachta bhrabúsach a dhéanamh den chuideachta an athuair faoin mbliain 2014.

## Torthaí agus Cúlchistí

Leagtar amach go mion na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 ar leathanaigh 26 go 43. Léiríonn na torthaí don bhliain 2012 easnamh €3,823,000 (2011: €18,150,000).

## Rioscaí Bunairgid

Tá an chuideachta tiomanta do bhainistiú riosca ar bhealach córasach smachtaithe. Sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na cuideachta trí phróiseas bainistíochta riosca ar fud na cuideachta. Coinnítear clár rioscaí agus nuashonraítear go ráithiúil é agus áirítear ann pleananna gníomhaíochta le dul i ngleic leis na rioscaí a shainaithnítear. Tugann Córas Iompair Éireann (CIÉ), thar ceann Bhus Átha Cliath, faoi réamhcheannach breosla agus airgeadra sa chás go measann sé go bhfuil luach ann agus riosca laghdaithe don chuideachta.

## Infheistíocht Chaipitiúil

Le linn na bliana 2012, leanadh den infheistíocht sa chabhlach agus seachadadh 80 bus nua chun seirbhíse. Ar an mórchaiteachas eile a bhí i gceist bhí an Clár Athchóirithe Cabhlaigh chun cúrsaí cáilíochta agus iontaofachta a choinneáil chun leasa na gcustaiméirí. Leanadh den infheistíocht i bhfeabhsú seirbhísí a bhuíochas le cúnamh an Údaráis Náisiúnta Iompair sna réimsí a leanas:

- Páirtíocaíocht €25.5 milliún ar 80 bus nua;
- €4.9 milliún ar athchóiriú busanna;
- €0.8 milliún ar fhorbairt leantach ar an gcóras um Rialú agus Uathláthair Feithicle (AVLC);
- €1.1 milliún ar theaghais, ar chórais TF agus ar threalamh; agus
- €0.6 milliún ar bhonneagar gréasáin.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Airgeadais

Amhail an 11 Aibreán 2013, tá na comhaltaí neamhfheidhmiúcháin a leanas den Bhord sa Choiste Iniúchóireachta agus Airgeadais: Patricia Barker, Gary Joyce agus Kevin Bonner.

Is iad príomhdhualgais an Choiste Iniúchóireachta agus Airgeadais maoirseacht a dhéanamh ar an gcaidreamh leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Airgeadais plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi na torthaí. Déanann an Coiste monatóireacht freisin ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an gcuideachta.

Leanann an Coiste ag aghaidh ag déanamh athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta riosca na cuideachta.

D'fhormheas an Bord Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Airgeadais agus déantar iad a athbhreithniú go bliantúil agus a leasú de réir mar is cuí. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2012 (seacht n-uaire in 2011). Ceapadh na hiniúchóirí seachtracha, PricewaterhouseCoopers, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 ar feadh tréimhse trí bliana. Dá bhrí sin, molann an Coiste Iniúchóireachta agus Airgeadais don Choiste Feidhmiúcháin gur cheart iad a athcheapadh go foirmiúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012. Ní raibh aon oibleagáidí conarthacha a ghníomhaigh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Airgeadais a shrianadh agus an moladh seo á dhéanamh.

Ní raibh aon seirbhísí ábhartha curtha ar fáil ag na hiniúchóirí i rith na bliana faoi athbhreithniú. Dá bhrí sin, tar éis breithniú a dhéanamh ar na caidrimh go léir idir an chuideachta agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí, ní mheasann an Coiste Iniúchóireachta agus Airgeadais go dtéann na caidrimh sin i bhfeidhm ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas an iniúchóra.

## Forbairt Fostaithe

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do chinntiú go sainaithnítear agus go bhforbraítear na scileanna agus an t-eolas riachtanach ionas go mbíonn an deis ag gach fostaí forbairt agus obair dhearfach a dhéanamh.

Baintear sochar as creatlach inniúlachta ionas go sainaithneofar na saghsanna iompraíochta, na scileanna agus na hábaltachtaí atá riachtanach le haghaidh fheidhmiú rathúil róil éagsúla na bhfostaithe le go mbeidh siad ábalta seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil de réir na gcaighdeán riachtanach.

Cuirtear cláir oiliúna ar fáil in Ionad Oiliúna Bhus Átha Cliath lena chinntiú go gcuirtear an oiliúint is fearr agus is féidir ar na tiománaithe bus ionas go mbeidh siad in ann seirbhís shábháilte éifeachtúil iontaofa bhus a thabhairt dár gcustaiméirí. Glacann gach tiománaí bus páirt i lá oiliúna amháin sa bhliain le cáiliú don Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC) de réir Threoir 2003/59/CE ón AE agus fhormheas an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Chomh maith le CPC, cuirtear clár forbartha inniúlachta maidir le scileanna tiomána ar fáil don uile thiománaí. Baintear leas as córas oiliúna físeán (VigilVanguard) sa chlár seo le foghlaim mhachnamhach agus le hathrú iompraíochta a éascú. Bronnadh Gradam Sábháilteachta 2012 de chuid na hInstitiúide Cairte Lóistíochta agus Iompair ar an gclár oiliúna as a chur chuige nuálach i leith oiliúint scileanna tiomána.

Leanadh le clár forbartha bainistíochta in 2012 agus ghlac roinnt bainisteoirí agus oifigigh riaracháin páirt i staidéir tríú leibhéal. Leanadh le hoiliúint eile atá sonrach do róil le haghaidh baill foirne cothabhála, maoirseachta agus riaracháin.

Foilsíodh Lámhleabhar Fostaithe nua agus dáileadh é ar an uile fhostaí chun faisnéis phraiticiúil a thabhairt faoi struchtúir, beartais, teidlíochtaí, tacaíochtaí agus freagrachtaí na cuideachta.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta do chomhlíonadh an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus do chomhlíonadh gach rialacháin eile náisiúnta agus ón Aontas Eorpach. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar an Ráiteas Sábháilteachta ar ghlac an chuideachta leis i mí Feabhra 1991.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Cuireann an Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta ar chumas Bhus Átha Cliath:

- Timpeallacht oibre níos éifeachtúla agus níos críochnúla a chruthú don fhoireann;
- Freastal ar riachtanais athraitheacha na gcustaiméirí; agus
- Ceangal níos treise a dhéanamh leis an bpobal go léir a ndéantar freastal air.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do sheirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh dá chustaiméirí ar fad agus d'ionad oibre cóir cuimsitheach a chruthú ina bhfuil meas ar dhaoine agus inar féidir le daoine oibriú a fheabhas agus is féidir leo.

Tá plean gníomhaíochta forbartha ag an gcuideachta a chlúdaíonn prionsabail chomhionannais agus chuimsithe agus léiríonn sé seo an éagsúlacht atá ina fhórsa saothair. Roghnaíodh Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta na cuideachta lena cur san áireamh in Achomaireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Dhea-Chleachtas in Éagsúlacht.

Leanann Bus Átha Cliath ar aghaidh ag comhoibriú leis an Údarás Comhionannais agus le Comhairle um Inimircigh na hÉireann i dtaca le roinnt tionscnamh a chuireann comhionannas agus éagsúlacht chun cinn.

## Cleachtais Íocaíochta

Tuigeann Bus Átha Cliath a fhreagracht maidir lena chinntiú go gcomhlíontar, i ngach ngné ábhartha, forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach) 2002.

Is é beartas íocaíochta na cuideachta cloí le ceanglais an Rialacháin.

## Leabhair Chuntas

Is iad na bearta a thóg na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí oibleagáidí na cuideachta chun leabhair chuntas iomchuí a choimeád, córais agus nósanna imeachta feiliúnacha a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntas ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

## Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tugtar sonraí de na beartais agus nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis fhoilsiú an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit i gcuntais Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2012 nó a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Seachas nuair a luaitear é, bhí siad ina stiúrthóirí don bhliain ar fad.

| | |
|---|---|
| **An tUasal K. Bonner** | Cathaoirleach |
| **An Dr P. Barker** | (Ceaptha an 11 Feabhra 2013) |
| **An tUasal G. Joyce** | (Ceaptha an 30 Iúil 2012) |
| **An tUasal N. Maher** | (Ar scor ón 1 Meitheamh 2012) |
| **An tUasal B. McCamley** | (Athcheaptha an 1 Nollaig 2012) |
| **An tUasal W. McDermott** | (Athcheaptha an 1 Nollaig 2012) |
| **An tUasal M. McGennis** | |
| **An tUasal U. McGrath** | (Ar scor ón 15 Márta 2013) |
| **An tUasal M. Mooney** | (Ar scor ón 17 Bealtaine 2012) |
| **An tUasal A. O'Byrne** | (Ar scor ón 31 Bealtaine 2012) |
| **An Dr K. Rafter** | (Ceaptha an 23 Eanáir 2013) |
| **An tUasal G. Tuke** | (Ar scor ón 1 Meitheamh 2012) |

Ní raibh aon suim in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, a cuideachta sealbhaíochta ná a fochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon am le linn na bliana.

Ní dheachthas i mbun aon chonarthaí ná socruithe i rith na bliana i ndáil le gnó an Ghrúpa ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir.

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird/Coiste

Seo thíos liosta de thinreamh stiúrthóirí an Bhoird ag cruinnithe Boird/Coiste le linn na bliana 2012.

| Bord/Coiste Bhus Átha Cliath Tuairisc Tinrimh 2012 | | |
|---|---|---|
| Stiúrthóir | Bord Bhus Átha Cliath | Coiste Sábháil-teachta |
| An tUasal K. Bonner | 10/10 | |
| An tUasal G. Joyce | 4/4 | |
| An tUasal N. Maher | 4/5 | |
| An tUasal B. McCamley | 9/10 | 4/4 |
| An tUasal W. McDermott | 10/10 | |
| An tUasal M. McGennis | 5/10 | 4/4 |
| An tUasal U. McGrath | 9/10 | 4/4 |
| An tUasal M. Mooney | 4/5 | |
| An tUasal A. O'Byrne | 5/5 | |
| An tUasal G. Tuke, | 5/5 | |

## Gnóthas Leantach

Tá an bord stiúrthóirí sásta go mbeidh dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad, in ainneoin go bhfuil roinnt neamhchinnteachtaí ann. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas. Nóta 1: Déanann "Gnóthas Leantach" aghaidh a thabhairt ar na neamhchinnteachtaí sin agus conclúidí na stiúrthóirí i ndáil leis an ngnóthas leantach a achoimriú.

## Iniúchóirí

Tá sé léirithe ag na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, gur mian leo leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

**An tUasal K. Bonner**, Cathaoirleach

**An Dr P. Barker**, Stiúrthóir

11 Aibreán 2013



Tá Bus Átha Cliath tiomanta do sheirbhís d’ardchaighdeán a sheachadadh dá chustaiméirí ar fad agus d’ionad oibre cóir cuimsitheach a chruthú

# Bord Stiúrthóirí



## **Kevin Bonner**, Cathaoirleach

Ceapadh Kevin Bonner ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath agus ar Bhord CIÉ i mí an Mheithimh 2011. Is iar-Ard-Rúnaí de chuid na Roinne Fiontar agus Fostaíochta é Kevin.



## Patricia Barker

Ollamh cuntasaíochta ar scor í Patricia Barker. Cuntasóir Cairte atá inti agus is Comhalta Comhairle í de na Cuntasóirí Cairte in Éirinn. Bhain a PhD le faisnéis airgeadais d'fhostaithe agus tá MPhil i Staidéar Inscní aici ó Choláiste na Tríonóide. Tá Patricia ina stiúrthóir ar Veritas Publications Ltd. agus ar Fhoras na Mara. Bhíodh sí ina Cathaoirleach ar BTSB agus is oibrí deonach í leis an Ionad Éigeandála um Éigniú.



## Gary Joyce

Ceapadh Gary Joyce ar an mBord i mí Iúil 2012. Tá Gary ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Genesis, ar comhairleacht forbartha agus margaíochta straitéisí é. Tá cuid mhór taithí neamhfheidhmiúcháin aici – bhíodh sí ina Cathaoirleach ar Bhanc ACC agus bhíodh sí ina comhalta de roinnt bord san earnáil phríobháideach, roinnt boird neamhbhrabúsacha agus roinnt boird stáit. I láthair na huaire, is comhalta í d'Údarás Rialúcháin Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá sí ar bhord Fhéile Ealaíon na Gaillimhe freisin.



## Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley ar an mBord a chéaduair i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go 2001. Thosaigh Bill ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1974 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de SIPTU agus rinne sé ionadaíocht d'oibrithe bus ag leibhéal áitiúil agus brainse leis na blianta.



## Willie McDermott

Ceapadh Willie McDermott ar an mBord i mí na Nollag 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go 2001. Thosaigh Willie ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU agus déanann sé ionadaíocht d'oibrithe bus.

# Bord Stiúrthóirí (ar lean)



## Marian McGennis

Ceapadh Marian McGennis ar an mBord i mí an Mhárta 2011. Ba T.D. í Marian do Bhaile Átha Cliath Láir agus is iarchomhalta de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, de Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus de Chomhairle Contae Fhine Gall í. Mar bhall den Oireachtas, bhí sí ina hurlabhraí don fhreasúra ar chomhionannas agus ina ball den Fhóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach. Tá sí páirteach in eagraíochtaí deonacha le beagnach 30 bliain. Is céimí de chuid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad í Marian agus tá céim Eolaíochta Sóisialta aici sa tSocheolaíocht agus sa Bheartas Poiblí.



## Una McGrath

Ceapadh Una McGrath ar an mBord i mí an Mhárta 2010. D'oibrigh Una roimhe seo mar shainchomhairleoir agus bainisteoir um fhorbairt gnó i réimse an athraithe ar iompar taistil, ag fáil tacaíocht chorparáideach agus tacaíochta ón earnáil phoiblí le haghaidh iompar inbhuanaithe. Bhunaigh sí an tIonad Comaitéara ar Champas Ospidéal an Mater, a bhuaigh Gradam Living Dublin de chuid an Irish Times. Ceapadh í ar phainéal saineolaithe na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh chun measúnú a dhéanamh ar thograí cistiúcháin i gcomhair tionscadail iompair ó bhallstáit. Tá sí ag obair faoi láthair do Designing Dublin chun rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a mhéadú i lár na cathrach. Tá BA i Margaíocht Idirnáisiúnta agus Teangacha ó DCU ag Una agus BA sa Dearadh ó DIT.



## Nuala Maher

Ceapadh Nuala ar an mBord i mí an Mheithimh 2009. D'oibrigh Nuala i mBaincéireacht Idirnáisiúnta le haghaidh fiche bliain ach tá taithí aici le déanaí in Acmhainní Daonna, le suim ar leith i gCumarsáid Fostaí. D'oibrigh sí le lear mór cuideachtaí, sna hearnálacha príobháideacha agus stáit, ag tabhairt comhairle i dtaca le rannpháirtíocht fostaithe agus cleachtas cumarsáide. Tá MSc in Iompraíocht Eagraíochta aici ó Choláiste na Tríonóide. Chuaigh Nuala ar scor an 1 Meitheamh 2012.



## Mary Mooney

Ceapadh Mary Mooney ar an mBord i mí na Bealtaine 2009. Is iar-TD í Mary le haghaidh Bhaile Átha Cliath Theas-Láir agus is iarchomhalta de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath í, áit a raibh sí ina cathaoirleach ar an gCoiste um Beartais Straitéiseacha do Thithíocht leis. Bhí Mary ina ball den chomhpháirtíocht um Thithe Inacmhainne agus tá sí ina hiarchathaoirleach ar Bhord Sláinte Limistéar an Iardheiscirt. Tá lear mór taithí ag Mary chomh maith i margaíocht agus i scileanna bainistíochta mar gur bhainistigh sí gnólacht miondíola a teaghlaigh roimhe seo. Chuaigh Mary ar scor an 17 Bealtaine 2012.

# Bord Stiúrthóirí (ar lean)



## Arnold O'Byrne

Ceapadh Arnold O'Byrne ar an mBord ar dtús i mí Lúnasa 2001. D'oibrigh Arnold le General Motors ar feadh cúig bliana is tríocha agus sna cúig bliana déag deiridh a chaith sé le GM bhí sé ina Chathaoirleach agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Opel Ireland Ltd. Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhiniúchóir le freagracht as oibríochtaí ar fad GM sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Ó chuaigh sé ar scor as Opel Ireland Ltd, bhí poist ag Arnold mar Chathaoirleach agus Uachtarán ar Capmark Commercial Mortgage Bank Europe plc. De bhreis air sin, tá sé ina iaruachtarán ar Chumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI) agus ar Chumann Tráchtála Mheiriceá. Tá Arnold ina Chathaoirleach ar Capita Asset Services (Ireland) Ltd faoi láthair. Chuaigh Arnold ar scor an 31 Bealtaine 2012.



## Kevin Rafter

Ceapadh Kevin Rafter ar an mBord i mí Eanáir 2013. Léachtóir sinsearach é Kevin san iriseoireacht agus cumarsáid pholaitíochta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Oibríonn sé mar shainchomhairleoir taighde cumarsáide freisin. Tá tréan taithí aige san ardbhainistíocht in eagraíochtaí na hearnála poiblí agus príobháidí araon. Bronnadh PhD sa pholaitíocht ar Kevin in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, MA sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus MLitt agus BA i gColáiste na Tríonóide. Bhí Kevin ina stiúrthóir ar roinnt boird dheonacha/eagraíochtaí neamhrialtasacha.



## Gráinne Tuke

Ceapadh Gráinne Tuke ar an mBord i mí an Mheithimh 2009. Is aturnae í Gráinne. Tá céim dlí aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus is ball cleachtach í de Dhlí-Chumann na hÉireann. Tá sí i gcleachtas dlí i gceantair thuaithe agus uirbeacha in Éirinn. Clúdaíonn sí réimse cleachtas dlí, idir ghinearálta agus shainiúil, le níos mó ná 25 bliain. Tá neart taithí phraiticiúil aici i gcuid mhór réimsí, lena n-áirítear dlí agus cleachtas tráchtála agus corparáideach, réadmhaoin tráchtála, tógáil agus innealtóireacht, fostaíocht, teicneolaíocht agus maoin intleachtúil, teileachumarsáid, meáin agus siamsaíocht, leigheas, iascaigh agus tionscadail foraoiseachta, iompar, miondíol agus cúrsaí rialála agus tráchtála. Chuaigh Gráinne ar scor an 1 Meitheamh 2012.

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn ar stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bharrachas nó ar easnamh na cuideachta don bhliain sin. Ceanglaítear ar na stiúrthóirí na nithe seo a leanas agus na ráitis airgeadais seo á gcur i dtoll a chéile:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé neamhchuí le toimhdiú go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a ligeann dóibh a chinntiú gur réitíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go gcloíonn siad le riachtanais Acht na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Tá freagracht orthu chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamh-spleácha do Bhaill Bhus Átha Cliath

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Bhus Átha Cliath don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012. San áireamh sna Ráitis Airgeadais seo tá Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, na Beartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn).

## Freagrachtaí faoi seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Mar atá mínithe ar bhealach níos iomláine sa 'Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí' atá leagtha amach ar leathanach 21, tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar léargas fírinneach cóir. Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a chur in iúl fúthu de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí ón mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, na tuairimí san áireamh, do bhaill na cuideachta mar chomhlacht amháin de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní ar aon chúis eile. Ní ghlacaimid, agus sinn ag léiriú na dtuairimí seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dóibh ach amháin má thugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

## Raon an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist in iniúchadh ná fianaise a fháil ar na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais atá dóthanach le cinntiú nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Áirítear measúnú leis seo ar na nithe seo a leanas: cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chás na cuideachta agus an raibh, nó nach raibh, siad curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go cuí; réasúnacht na meastachán suntasach cuntasaíochta arna ndéanamh ag na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Anuas air sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun ábhair neamhréireacha ábhartha sna ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint. Má chuirtear ar an eolas sinn go bhfuil aon mhíráiteas follasach nó aon ábhar neamhréireach sna ráitis airgeadais, déanfaimid breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán dár dtuarascáil.

## Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Is é ár dtuairim é go bhfuil na nithe seo a leanas fíor faoi na ráitis airgeadais:

- tugann siad léargas fírinneach cóir, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, maidir le staid ghnóthaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2012 agus maidir lena easnamh agus sreafaí airgid don bhliain dar críoch sin; agus
- ullmhaíodh iad i gceart de réir cheanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

## Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a mheasamar a theastaigh uainn inár n-iniúchadh.
- Is é ár dtuairim é gur choimeád an chuideachta leabhair chuntas iomchuí.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.
- Is é ár dtuairim é go bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

- Ní hionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear sa Chlár Comhardaithe ar leathanach 27, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite, agus ar an mbonn sin táimid den tuairim go raibh cás airgeadais ann an 31 Nollaig 2012 a cheanglódh tionól chruinniú ginearálta urghnách na cuideachta, de réir Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983. Reáchtáladh an cruinniú ginearálta urghnách an 16 Meitheamh 2010.

# Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú de réir eisceachta

Níl aon ní le tuairisciú againn i leith na bhforálacha in Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012, a cheanglaíonn orainn tuairisc a thabhairt mura ndéantar, inár dtuairim, an nochtadh maidir le luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí a shonraíonn an dlí.

A. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine shuíomh gréasáin Bhus Átha Cliath níl breithniú na n-ábhar sin san áireamh san obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir sin, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe féideartha ar na ráitis airgeadais ó cuireadh ar an suíomh gréasáin iad i dtús báire.

B. D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn réiteach agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith difriúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

**Teresa Harrington**

le haghaidh PricewaterhouseCoopers agus thar a gceann
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil
Baile Átha Cliath

26 Aibreán 2013




Ós rud é go bhfuarthas 80 bus athsholáthair ardteicniúil, chomhlíon Bus Átha Cliath an gealltanas i dtaca le cabhlach iomlán urláir ísil atá oiriúnach do chathaoir rothaí a bheith acu faoi dheireadh na bliana 2012

## (A) Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn agus reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais a thugann léargas fírinneach cóir na caighdeáin sin a eisíonn Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus a fhoilsíonn Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Sonraítear sócmhainní inláimhsithe de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar a gcostas stairiúil.

Is iad seo a leanas bunúis ríomha an dímheasa:

### (I) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Déantar dímheas ar fheithiclí paisinéirí bóthair ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa chabhlach leata thar a saolréanna fónta measta ar bhonn céatadán laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil.

### (II) Stadanna Bus agus Scáthláin

Déantar dímheas ar stadanna bus agus scáthláin, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saolréanna fónta measta.

### (III) Gléasra agus Innealra

Déantar dímheas ar ghléasra agus innealra, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saolréanna fónta measta.

## (C) Sócmhainní Léasaithe

### Léasanna Oibriúcháin

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin a mhuirearú chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

## (D) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus ar pháirteanna spártha ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Deontais

### (I) Deontais an Aontais Eorpaigh agus an Státchiste

Déantar deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus an Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitiúil ar thionscadail ar leith a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas. Déantar deontais i ndáil le caiteachas ioncaim a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála agus ligtear chuig an gcuntas caiteachais cuí iad sa bhliain lena mbaineann an caiteachas.

### (II) Íocaíocht na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí

Déileáiltear le híocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a fhaightear i rith na bliana sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

## (F) Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta a bhíonn i mbun rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na suimeanna iníoctha nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachain mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadra eachtrach ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Déantar an costas a bhfuil coinne leis i dtaobh pinsin a chur ar fáil d'fhostaithe a mhuirearú chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta na bhfostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, le tairbhe comhairle ón achtúire neamhspleách, ag céatadán a mheastar bheith cobhsaí den phá inphinsin. Leatar athraithigh ó chostais phinsin rialta, a shainaithnítear i luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar na meánsaoil seirbhíse a mheastar atá fágtha ag baill na scéime. Soláthraítear do chostas caipitil na sochar pinsean forlíontach agus déantar é a mhuirearú chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais sa bhliain ina n-aithnítear téarbhadh an fhostaí lena mbaineann agus áirítear sa chostas téarfa é.

Bus Átha Cliath

| An bhliain dar críoch an 31 Nollaig | *Nótaí* | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Ioncam** | | **191,054** | 178,311 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *3* | **(174,753)** | (181,167) |
| Ábhair agus seirbhísí | *4* | **(83,017)** | (78,604) |
| Dímheas | *5* | **(9,781)** | (10,246) |
| Costais oibriúcháin eisceachtúla | *6* | **(2,428)** | (122) |
| **Costais oibriúcháin iomlána** | | **(269,979)** | (270,139) |
| **Easnamh roimh ghnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, ús agus íocaíocht na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí** | | **(78,925)** | (91,828) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | | **182** | 321 |
| **Easnamh roimh ús agus íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | | **(78,743)** | (91,507) |
| Ús infhaighte | *7* | **152** | 325 |
| **Easnamh roimh íocaíocht na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí** | | **(78,591)** | (91,182) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | *8* | **69,435** | 73,032 |
| **Easnamh** | | **(9,156)** | (18,150) |
| Maoiniú Rialtais Breise Éigeandála | | **5,333** | — |
| **Easnamh don bhliain** | | **(3,823)** | (18,150) |
| Easnamh carntha ag tús na tréimhse | | **(48,333)** | (30,183) |
| **Easnamh carntha ag deireadh na tréimhse** | | **(52,156)** | (48,333) |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leantacha na cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta eile ann seachas iad siúd a áiríodh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Thar ceann an Bhoird
**An tUasal K. Bonner**, Cathaoirleach
**An Dr P. Barker**, Stiúrthóir

| Amhail an 31 Nollaig | *Nótaí* | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *9* | **130,464** | 119,166 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *10* | **3,470** | 4,002 |
| Féichiúnaithe | *11* | **94,969** | 80,536 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **1,181** | 135 |
| | | **99,620** | 84,673 |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *12* | **(67,863)** | (53,353) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **31,757** | 31,320 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **162,221** | 150,486 |
| Soláthar do dhliteanais agus do mhuirir | *14* | **(74,181)** | (73,676) |
| Ioncam iarchurtha | *15* | **(70,360)** | (55,307) |
| | | **17,680** | 21,503 |
| **Arna maoiniú acu seo a leanas:** | | | |
| Caipiteal agus cúlchistí | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *16* | **69,836** | 69,836 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | **(52,156)** | (48,333) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | *17* | **17,680** | 21,503 |

Thar ceann an Bhoird
**An tUasal K. Bonner**, Cathaoirleach
**An Dr P. Barker, Stiúrthóir**

| An bhliain dar críoch an 31 Nollaig | *Nótaí* | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *18 (A)* | **17,292** | (23,978) |
| Fónamh a dhéanamh ar airgeadas | *18 (B)* | **152** | 325 |
| Caiteachas caipitiúil | *18 (B)* | **(33,907)** | (6,400) |
| Breithniú ar dhiúscairt sócmhainní | *18 (B)* | **187** | 307 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | *18 (B)* | **22,881** | 6,168 |
| **Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid roimh mhaoiniú** | | **6,605** | (23,578) |
| Glanbhainistiú ar acmhainní leachtacha | | **(5,403)** | (14,723) |
| Eisiúint gnáth-scairchaipitil | | **—** | 38,093 |
| **Méadú/(laghdú) ar airgead sa bhliain** | | **1,202** | (208) |

Is éard is acmhainní leachtacha ann suimeanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead a ghintear nach dteastaíonn láithreach d'oibríochtaí, a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, inaisíoctha ar éileamh.

| **Réiteach glansreafa airgid chuig gluaiseacht i nglanfhiach** | | | |
|---|---|---|---|
| **Méadú/(laghdú) ar airgead sa bhliain** | | **1,202** | (208) |
| **Insreabhadh airgid ó iarmhéid cuideachta shealbhaíochta** | *18 (C)* | **5,403** | 14,723 |
| **Gluaiseacht i nglanfhiach sa bhliain** | | **6,605** | 14,515 |
| Glanfhiach amhail an 1 Eanáir | *18 (C)* | **71,073** | 56,558 |
| **Glanfhiach amhail an 31 Nollaig** | *18 (C)* | **77,678** | 71,073 |

## 1. Gnóthas leantach - Éiginnteacht Ábhartha

Thabhaigh an chuideachta glanchaillteanas €3.8 milliún le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2012 agus, tráth an dáta sin, bhí glansócmhainní darbh fhiú €17.7 milliún ag an gcuideachta. Léirítear i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an chuideachta tuilleadh easnamh in 2013 agus go mbainfear brabús amach arís in 2014, in 2015 agus in 2016. Mar gheall ar na heasnaimh airgid sin, beidh gá le maoiniú breise a fháil ó Ghrúpa CIÉ. Tá cóip den nochtadh a bhaineann le Gnóthas Leantach a áirítear le nóta 1 de Ráitis Airgeadais CIÉ, san áireamh thíos:

> "Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, rud a thugann le fios go go mbeidh an Grúpa ábalta leanúint ar aghaidh i mbun feidhme go ceann i bhfad.
>
> Nuair a bhí na ráitis airgeadais do 2011 á síniú i mí na Samhna 2012, bhí roinnt rioscaí agus neamhchinnteachtaí os comhair an Ghrúpa. Sháraigh an Grúpa na háiseanna iasachtaíochta a bhí ar fáil dó go luath in 2012. Íocadh an barrachas a bhuíochas le réamhíocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí. Ón dáta sin i leith, d'fhan an Grúpa laistigh dá áiseanna iasachtaíochta atá ann cheana. Cé gur tháinig an Bord ar an gconclúid go raibh sé iomchuí na ráitis airgeadais do 2011 a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, d'aithin siad go raibh roinnt neamhchinnteachtaí ann, lena n-áirítear neamhchinnteachtaí maidir le stádas maoinithe an Ghrúpa go háirithe, a bhí mar chúis leis an gconclúid go raibh neamhchinnteacht ábhartha ann ag an am sin.
>
> Tráth a síníodh na ráitis airgeadais do 2011, bhí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt tar éis a chur in iúl go gcuirfí maoiniú breise ar fáil don Ghrúpa i bhfoirm nach raibh cinntithe chun gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa a mhaoiniú aníos leis an 31 Nollaig 2012. Ní dhearnadh cinneadh maidir le leagan amach ná le méid an mhaoinithe seo faoin am sin, ach chuir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt litir thacaíochta ar fáil don Ghrúpa dar dáta an 30 Lúnasa 2012. Ina dhiaidh sin, chuir an Roinn maoiniú breise fóirdheontais dar luach €36 milliún ar fáil don Ghrúpa go mall in 2012 mar chuid den tacaíocht sin.
>
> Tharla roinnt forbairtí suntasacha a mhaolaigh cuid de na neamhchinnteachtaí a bhí os comhair an Ghrúpa roimhe sin. Tá siad leagtha amach thíos:-
>
> - Chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an €36 milliún i bhfóirdheontas breise ar fáil go mall in 2012;
> - Dhíol an Grúpa a leas sa léas talún i nDuga Spencer, a ghin suim airgid €20 milliún i mí na Nollag 2012;
> - Cuireadh an clár suntasach Téarfa Dheonaigh 2012 de chuid Iarnród Éireann i gcrích i mí na Nollag 2012 (a chuir go mór leis an bplean iomlán coigilteas costais);
> - Tar éis tréimhse fhaidréiseach meatha de dheasca an gheilleagair bhunúsaigh, thosaigh ioncam agus líon paisinéirí ag cobhsú le roinnt míonna anuas;
> - Rinne an Grúpa iarratas ar an Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh méadú táillí ar fud a sheirbhísí go léir agus deonaíodh é;
> - Athbhreithníodh plean cúig bliana agus réamhaisnéis airgid an Ghrúpa chun tionscnaimh bhainistíochta le costais a laghdú agus sreafaí airgid a bhainistiú a chur san áireamh. Áiríodh leis sin athbhreithnithe chun athruithe ar phatrún na sreafaí airgid a chur san áireamh tar éis idirbheartaíochta leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le maoiniú deontais chaipitil. Anuas air sin, sainaithníodh roinnt bearta maolaithe freisin a chuirfear chun feidhme mura mbaintear na sreafaí airgid atá beartaithe ag an bplean cúig bliana amach;
> - Rinneadh an-dul chun cinn ar an idirbheartaíocht le bainc an Ghrúpa maidir leis na háiseanna atá ar fáil don Ghrúpa a athmhaoiniú agus a mhéadú agus táthar ag coinne le toradh rathúil ar ball;
> - Rinneadh áiseanna reatha €57 milliún a athnuachan go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2013 agus rinneadh €20 milliún a athnuachan go dtí an 31 Bealtaine 2013 chun cur ar chumas an Ghrúpa gníomhaíochtaí a mhaoiniú ar feitheamh chríochnú an athmhaoinithe.
>
> Mar sin féin, tá neamhchinnteachtaí ann go fóill, agus tá siad sin mionsonraithe thíos:
>
> 1. Bhí áiseanna reatha iasachtaíochta bainc an Ghrúpa (ar fiú €107 milliún iad) le dul in éag ar dhátaí éagsúla idir mí Eanáir agus mí Dheireadh Fómhair 2013. D'fhormheas an Bord Litir Áise le déanaí ó cheann dá bhainc le haghaidh áiseanna tiomanta reatha a shíneadh go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2013, ar feitheamh athmhaoiniú iomlán iasachtaíocht an Ghrúpa a tharraingt suas. Tá an dara háis á síneadh ar bhonn míosúil freisin ar feitheamh tharraingt suas na n-áiseanna iomlána iasachtaíochta. Mar chuid de phlean cúig bliana CIÉ, shainaithin an Grúpa go bhfuil gá le háiseanna iomlána a mhéadú €53 milliún chun na háiseanna reatha iasachtaíochta a mhéadú ó €107 milliún go €160 milliún. Tá plé ar bun faoi láthair ag lucht bainistíochta an Ghrúpa lena maoinitheoirí i leith an athmhaoinithe seo. Chuir an Príomhshocraitheoir dréachtbhileog téarmaí ar fáil ina leagtar amach téarmaí táscacha inghlactha don áis iomlán €160 milliún. Is táscach amháin atá an

bhileog téarmaí seo agus ní hionann í agus tairiscint leis an áis a shocrú ná a mhaoiniú. Beidh soláthar na háise faoi réir fhormheas an choiste creidmheasa agus doiciméadúchán sásúil. Tá an lucht bainistíochta muiníneach gur féidir an idirbheartaíocht leis na bainc a thabhairt chun críche faoi mhí an Mheithimh 2013. Tá tráthúlacht tharraingt suas athmhaoiniú na n-áiseanna iasachtaíochta, idir nua agus reatha, ríthábhachtach maidir le measúnú foriomlán an lucht bainistíochta ar ghnóthas leantach.

2. Baineann ríthábhacht le baint amach an choigiltis, agus coigilteas párolla go háirithe, atá leagtha amach i bplean gnó cúig bliana an Ghrúpa. Tá toimhdí a úsáideadh chun an plean gnó a ullmhú suibiachtúil de réir a chineáil agus tá sé tábhachtach go ndéantar faireachán géar ar fheidhmíocht in aghaidh an phlean le gur féidir bearta maolaithe, a shainaithin an lucht bainistíochta cheana, a chur i bhfeidhm más gá. Rinne an lucht bainistíochta tástáil struis ar na tuartha sreafa airgid agus tá faireachán á dhéanamh ar airgead ar bhonn laethúil agus seachtainiúil.

3. Tá an meath ar gheilleagar na hÉireann le blianta beaga anuas tar éis dul i gcion go holc ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa agus tá dúshláin á gcur os a choinne i rith an ama. Tá laghdú tagtha ar thurais paisinéirí agus tá laghdú tagtha ar an maoiniú Stáit do CIÉ de bharr laghdú ar Chaiteachas Poiblí an Rialtais trí chéile.

Cuirtear in iúl i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an Grúpa tuilleadh easnaimh airgid in 2013 agus in 2014, agus go mbainfidh sé brabús amach arís in 2015 agus ina dhiaidh sin le linn don Ghrúpa a phleananna athstruchtúraithe a chur chun feidhme.

Tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar phlean gnó an Ghrúpa, ar na buntoimhdí don tréimhse idir 2013 agus 2017 agus ar a bhuiséad don bhliain 2013, agus tar éis breithniú a dhéanamh ar na gníomhartha a rinne an lucht bainistíochta le roinnt míonna anuas, tá ionchas réasúnta ag na Comhaltaí Boird go gcinnteoidh gníomhartha a bheartaítear, mar aon le hathmhaoiniú an Ghrúpa, leis an tacaíocht leantach a thugann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an ioncam breise ó mhéaduithe ar tháillí agus le cur i bhfeidhm rathúil na mbeart laghdaithe costais, go mbeidh dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibríochtaí go ceann i bhfad.

Cé nach féidir a bheith cinnte go gcuirfear plé maoinithe leis na bainc i gcrích go rathúil, tá bainc an ghrúpa tacúil go fóill, rud atá léirithe ag an síneadh ar na háiseanna atá ann cheana agus ag an bplé cuiditheach leanúnach atá ar siúl, lena n-áirítear soláthar na dréachtbhileoige téarmaí agus ullmhú an mheabhráin faisnéise don athmhaoiniú. Rinneadh tacaíocht leanúnach na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a fhianú sa litir thacaíochta dar dáta an 10 Aibreán 2013 freisin.

Sonraítear sa litir go bhfuil an Rialtas "ag leanúint uirthi ag déanamh faireacháin ar staid airgeadais CIÉ agus tá sí i dteagmháil leis an gcuideachta maidir leis na bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint." Cé go sonraítear sa litir nach féidir aon rud atá sa litir a fhorléiriú mar ráthaíocht maidir le hoibleagáidí ná le dliteanais CIÉ, sonraítear inti freisin "go bhfuil sé mar bheartas an Rialtais go fóill go bhfuil gnó CIÉ in ann a chuid dliteanas a chomhlíonadh i gcónaí. Is scairshealbhóir aonair CIÉ é an Stát, agus féadaim dearbhú go leanfaidh an Stát ar aghaidh ag feidhmiú a cheart scairshealbhóra agus é mar chuspóir aige go ndéanfaidh CIÉ bainistiú ar a oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a chuid oibleagáidí uile a bhaint amach go tráthúil. Bheadh ar ghníomh ar bith de chuid an Stáit teacht le dlí an AE, áfach, lena n-áirítear rialacha Státchabhrach a d'fhéadfadh fógra agus formheas an Choimisiúin a iarraidh."

Tar éis fiosrúcháin chuí a dhéanamh agus ag cur na neamhchinnteachtaí a shonraítear thuas san áireamh, tá na Comhaltaí Boird measartha dóchasach go gcuirfear áiseanna athnuaite agus sínithe ar fáil don Ghrúpa agus go dtabharfaidh an Rialtas tacaíocht do na bearta chun cobhsaíocht airgeadais a chinntiú. Ar na fáthanna sin, tháinig Comhaltaí an Bhoird ar an gconclúid nach seasann na rioscaí a gcuirtear síos orthu thuas do neamhchinnteacht ábhartha a chuireann amhras faoi chumas an Ghrúpa leanúint mar ghnóthas leantach, agus ar an mbonn sin, bainfidh siad leas as bonn an ghnóthais leantaigh i rith an ama le haghaidh ullmhú na ráiteas airgeadais."

## 2. (Easnamh)/barrachas glan de réir gníomhaíochta

| | Gníomhaíochtaí Sóisialta | | Gníomhaíochtaí Tráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | **2012** | 2011 | **2012** | 2011 |
| | **€000** | €000 | **€000** | €000 |
| **Ioncam** | **180,024** | 167,200 | **11,030** | 11,111 |
| **Costais** | **(260,751)** | (259,180) | **(8,894)** | (10,313) |
| **(Easnamh)/barrachas oibriúcháin** | **(80,727)** | (91,980) | **2,136** | 798 |
| **Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí** | **69,435** | 73,032 | **—** | — |
| **Maoiniú Rialtais Breise Éigeandála** | **5,333** | — | **—** | — |
| **(Easnamh)/barrachas glan** | **(5,959)** | (18,948) | **2,136** | 798 |

## 3. Párolla agus Costais Ghaolmhara

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Costais Foirne** | | |
| Pánna agus tuarastail | **148,876** | 154,507 |
| Costais leasa shóisialaigh | **14,464** | 14,892 |
| Costais phinsin eile | **11,355** | 11,617 |
| Obair féin caipitlithe | **(136)** | (54) |
| **Costais foirne iomlána** | **174,559** | 180,962 |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| **Sochar oifige** | | |
| - as seirbhísí mar stiúrthóirí | **73** | 84 |
| - as seirbhísí eile | **121** | 121 |
| **Luach saothair agus sochar oifige na stiúrthóirí san iomlán** | **194** | 205 |
| **Párolla agus costais ghaolmhara san iomlán** | **174,753** | 181,167 |

## 3. Párolla agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

Áirítear Táillí Stiúrthóirí mar seo a leanas sna sochair oifige stiúrthóirí le haghaidh 2012:

An tUasal K. Bonner €21,600; an tUasal G. Joyce €3,247; an tUasal N. Maher €7,385; an tUasal M. McGennis €12,600; an tUasal U. McGrath €12,600; an tUasal M. Mooney €6,875; an tUasal A. O'Byrne €7,350; an tUasal G. Tuke €7,385.

Ní bhfuair an tUasal B. McCamley ná an tUasal W. McDermott aon Táillí Stiúrthóirí ón gcuideachta.

Tá €189,905 san áireamh i gcostais Phánna agus Tuarastail a íocadh leis an Uasal P. Doherty, Príomhfheidhmeannach.

| | Líon Ball Foirne | |
|---|---|---|
| | **2012** | 2011 |
| **B'ionann an méid seo a leanas agus an meánlíon fostaithe le linn na bliana:** | **3,236** | 3,345 |

## 4. Ábhair agus Seirbhísí

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Breosla agus bealaí | **33,399** | 31,285 |
| Ábhair | **17,785** | 17,250 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **595** | 585 |
| Cíos agus rátaí | **821** | 839 |
| Cíosanna léas oibriúcháin | **610** | 564 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra | **6,396** | 6,434 |
| Speansais íoctha le stiúrthóirí | **—** | 1 |
| Seirbhísí eile | **23,759** | 21,999 |
| Deontais ioncaim *(nóta 15)* | **(348)** | (353) |
| | **83,017** | 78,604 |

B'ionann na speansais a íocadh le stiúrthóirí in 2012 agus nialas.

## 5. Dímheas

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Dímheas *(nóta 9)* | **22,603** | 21,185 |
| Amúchadh dheontais chaipitil an AE/Státchiste *(nóta 15)* | **(12,822)** | (10,939) |
| | **9,781** | 10,246 |

## 6. Costais Oibriúcháin Eisceachtúla

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Athstruchtúrú gnó | **2,428** | 122 |

Mar chuid de chlár laghdaithe costais, thug an chuideachta clár téarfa agus luathscoir dheonaigh isteach. Is é €2.428 milliún an costas sa bhliain 2012 (2011: €0.122 milliún), lena n-áirítear íocaíochtaí téarfa agus costais eile a bhaineann leis an gclár.

## 7. Ús (Infhaighte)/Iníoctha

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Ar iarmhéideanna leis an gcuideachta shealbhaíochta | **(154)** | (321) |
| Íocaíochtaí/(fáltais) úis eile | **2** | (4) |
| | **(152)** | (325) |

## 8. Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

Ba é €69,435,000 íocaíocht na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí a bhí iníoctha le Bus Átha Cliath - Dublin Bus trína chuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 (2011: €73,032,000). Ina theannta sin, rinneadh íocaíocht éigeandála €5,333,000 chun tacaíocht leachtachta a thabhairt don chuideachta.

## 9. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair | Stadanna Bus agus Scáthláin | Gléasra agus Innealra | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas** | | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2012** | 275,372 | 26,130 | 53,293 | **354,795** |
| Breiseanna | 31,410 | 498 | 1,999 | **33,907** |
| Diúscairtí | (12,230) | — | (32) | **(12,262)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2012** | **294,552** | **26,628** | **55,260** | **376,440** |
| **Dímheas** | | | | |
| **Amhail an 1 Eanáir 2012** | 196,924 | 6,334 | 32,371 | **235,629** |
| Breiseanna | 16,081 | 1,772 | 4,750 | **22,603** |
| Diúscairtí | (12,230) | — | (26) | **(12,256)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2012** | **200,775** | **8,106** | **37,095** | **245,976** |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2012** | 93,777 | 18,522 | 18,165 | **130,464** |
| Amhail an 31 Nollaig 2011 | **78,448** | **19,796** | **20,922** | **119,166** |

(a) Is iad seo a leanas na saolréanna fónta measta do na cineálacha éagsúla sócmhainne chun críocha dímheasa:

| | **Saolréanna (Blianta)** |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 7 – 12 |
| Stadanna bus agus scáthláin | 3 – 15 |
| Gléasra agus innealra | 3 – 10 |

(b) Dímheasadh feithiclí paisinéirí bóthair ar chostas €61,191,000 (2011: €72,681,000) go hiomlán, ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Áirítear i mbreiseanna thuas tá €129,000 (2011: Nialas) i leith feithiclí paisinéirí bóthair, ar sócmhainní iad i rith tógála agus sócmhainní nach bhfuil i seirbhís go fóill.

## 10. Stoic

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | **2,170** | 2,618 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile | **1,300** | 1,384 |
| | **3,470** | 4,002 |

## 11. Féichiúnaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Féichiúnaithe trádála | **7,856** | 6,333 |
| Suimeanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta | **76,497** | 71,094 |
| Deontais an AE/Státchiste infhaighte | **9,755** | 248 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **861** | 2,861 |
| | **94,969** | 80,536 |

## 12. Creidiúnaithe

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Rótharraingt bainc | **—** | 156 |
| Creidiúnaithe trádála | **7,296** | 3,343 |
| Cáin ioncaim/tobhach bainte faoi ÍMAT | **3,371** | 3,585 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta | **1,889** | 1,978 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **5,090** | 201 |
| Creidiúnaithe eile | **3,357** | 3,525 |
| Ioncam iarchurtha | **10,000** | 8,122 |
| Fabhruithe | **9,568** | 8,912 |
| Téarbhadh deonach | **4,262** | 3,033 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 14)* | **8,000** | 10,000 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 15)* | **15,030** | 10,498 |
| | **67,863** | 53,353 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **10,350** | 5,764 |

## 13. Oibleagáidí Léasa

| | **2012** | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Léasanna Oibriúcháin** | | |
| Éagann ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin iníoctha sa bhliain amach romhainn nach bhféadfaí a chur ar ceal mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **132** | 134 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **158** | 302 |
| | **290** | 436 |

## 14. Soláthar do Dhliteanais agus do Mhuirir

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **83,676** | 86,834 |
| Úsáidte le linn na bliana | **(7,450)** | (9,159) |
| Aistriú ón gCuntas Brabúis agus Caillteanais | **5,955** | 6,001 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | **82,181** | 83,676 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 12)* | **8,000** | 10,000 |
| Suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | **74,181** | 73,676 |
| | **82,181** | 83,676 |

Déantar aon chaillteanais nach gclúdaítear le hárachas seachtrach a mhuirearú chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus tá suimeanna nach bhfuil socraithe san áireamh sa soláthar do dhliteanais agus do mhuirir.

Aistríodh soláthairtí a tháinig ar aghaidh ó bhlianta roimhe seo chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais i bhfianaise na n-éileamh a rinneadh le tamall anuas.

**(A) Clúdach Árachais Sheachtraigh**

Tá an clúdach árachais sheachtraigh seo a leanas ag Córas Iompair Éireann, thar ceann na cuideachta:

(i) dliteanas tríú páirtí os cionn €2,000,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás gníomhartha a thógtar as éilimh bhóthair faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$3,300,000;

(ii) dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €250,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin;

  (a) damáiste uisce nuair a bhíonn an barrachas cothrom le €2,000,000; agus

  (b) aon éilimh faoi réir dhlínse Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$150,000.

(iii) dliteanais iompair bóthair os cionn coinneáil féin-árachais €15,000,000 i gcomhshuim sa tréimhse dhá mhí dhéag, Aibreán 2012 go Márta 2013, faoi réir choinneáil fhoriomlán féin-árachais an Ghrúpa arb ionann í agus €27,000,000 i bhfigiúr comhiomlán na bliana ina mbeidh aon scair aonair choinneála féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €50,000 ina dhiaidh;

(iv) Maidir le hÁrachas Comhcheangailte Dliteanais Grúpa, lena n-áirítear dliteanas Sceimhlitheoireachta, is ionann slánaíocht fhoriomlán agus €200,000,000 don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2012 agus Márta 2013, le haghaidh gach dliteanais iompair iarnróid agus bóthair, Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile;

## 14. Soláthar do Dhliteanais agus do Mhuirir (ar lean)

**(A) Clúdach Árachais Sheachtraigh (ar lean)**

(v) Gach riosca don Ghrúpa, lena n-áirítear damáiste stoirme, lena ngabhann slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas, leis an mbarrachas bliantúil gan dul thar €5,000,000 san iomlán ina mbeidh aon bharrachas aonair féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €100,000 ina dhiaidh; agus

(vi) Is é €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa lena ngabhann barrachas €500,000 i ndáil le rothstoc bóthair agus iarnróid agus €150,000 i ndáil le damáiste eile maoine, do gach ceann de na caillteanais.

**(B) Soláthairtí agus Gnóthuithe Gaolmhara um Éilimh Dhliteanas Tríú Páirtí agus Fostóra**

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn tuairiscithe (IBNR) don chuideachta go fóill. Áirítear i gcostas measta na n-éileamh speansais le tabhú go seachtrach i mbainistiú éileamh ach ní áirítear forchostas inmheánach na dtáillí bainistithe éileamh. Glacann an chuideachta na céimeanna réasúnta uile le cinntiú go mbíonn an fhaisnéis oiriúnach acu i dtaobh a gcuid neamhchosaintí éilimh. Ar a shon sin, mar gheall ar an éiginnteacht a ghabhann le soláthairtí éilimh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Maidir le ríomh chostas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha, ríomhann an chuideachta luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach sheachtrach. Go ginearálta, bunaítear samhaltú matamaiticiúil an achtúire ar anailísí staitistiúla ar thaithí stairiúil, a ghlacann leis go mbeidh pátrún forbartha na n-éileamh reatha comhsheasmhach le taithí go dtí seo. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe ar an timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus tionchar na gcaillteanas mór.

Maidir le meastachán a dhéanamh ar chostas na n-éileamh a fógraíodh ach a bhíonn gan íoc, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpiste arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh chúirte ar dhliteanais lena mbaineann tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an samhaltú achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin inar glaodh imscrúdaitheoirí chuig láithreacha na dtimpistí. Is gnách go léireoidh cineálacha éilimh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo, agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán sách ard dá bhrí sin, éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar go mbaineann níos mó deacrachta le meas na gcúlchistí sin.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh roimh aon aisghabhálacha athárachais inar féidir na haisghabhálacha sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil d'aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar nádúr agus ar mhéid chlár athárachais na cuideachta le himeacht ama a léiriú. Déantar measúnú freisin ar in-aisghabhálacht aisghabhálacha athárachais ag féachaint d'fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí i dtréimhse iar-dhíscoir.

## 15. Ioncam Iarchurtha

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Léiríonn an cuntas seo deontais an AE/Státchiste a chuirtear san áireamh de réir Bheartas Cuntasaíochta E.** | | |
| **Deontais an Aontas Eorpaigh/Státchiste** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **65,805** | 70,347 |
| Faighte agus infhaighte | **32,755** | 6,750 |
| **Aistriú chuig Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | | |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(nóta 5)* | **(12,822)** | (10,939) |
| Deontas ioncaim *(nóta 4)* | **(348)** | (353) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | **85,390** | 65,805 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 12)* | **15,030** | 10,498 |
| Suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | **70,360** | 55,307 |
| | **85,390** | 65,805 |

## 16. Scairchaipiteal

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann amhail an 1 Eanáir | **126,974** | 38,092 |
| Méadú ar Scaireanna Údaraithe | **—** | 88,882 |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann amhail an 31 Nollaig | **126,974** | 126,974 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán:** | | |
| *Gnáthscaireanna €1.27 an ceann amhail an 1 Eanáir* | **69,836** | 31,743 |
| Méadú ar Scaireanna Eisithe | **—** | 38,093 |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann amhail an 31 Nollaig | **69,836** | 69,836 |

## 17. Réiteach Gluaiseachtaí i gCistí Scairshealbhóirí Cothromais

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **21,503** | 1,560 |
| Easnamh don bhliain | **(3,823)** | (18,150) |
| Gnáthscaireanna eisithe | **—** | 38,093 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **17,680** | 21,503 |

## 18. Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **(A) Réiteach easnamh oibriúcháin chuig sreafaí airgid oibriúcháin** | | |
| Easnamh oibriúchán roimh ús agus íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | **(78,743)** | (91,507) |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí *(nóta 8)* | **69,435** | 73,032 |
| Maoiniú Rialtais Breise Éigeandála *(nóta 8)* | **5,333** | — |
| | **(3,975)** | (18,475) |
| Dímheas *(nóta 5)* | **22,603** | 21,185 |
| Amúchadh *(nóta 5)* | **(12,822)** | (10,939) |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní | **(182)** | (321) |
| Laghdú/(méadú) ar stoic | **532** | (1,434) |
| Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe | **497** | (513) |
| Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe agus ar sholáthairtí | **10,639** | (13,481) |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **17,292** | (23,978) |

## 18. Ráiteas ar Shreabhadh Airgid (ar lean)

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **(B) Anailís ar shreafaí airgid do cheannteidil gafa sa Ráiteas ar Shreabhadh Airgid** | | |
| Fónamh a dhéanamh ar airgeadas | | |
| Ús faighte | **154** | 321 |
| (Íocaíochtaí)/fáltais úis eile | **(2)** | 4 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó fhónamh a dhéanamh ar airgeadas** | **152** | 325 |
| **Caiteachas caipitiúil** | | |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | **(33,907)** | (6,400) |
| Glan-insreabhadh airgid ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **187** | 307 |
| Deontais chaipitil an AE/an Státchiste | **22,881** | 6,168 |
| **(Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid ó chaiteachas caipitiúil** | **(10,839)** | 75 |

| | Amhail an 1 Eanáir 2012 | Sreabhadh Airgid | Amhail an 31 Nollaig 2012 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **(C) Anailís ar ghlanfhiach** | | | |
| Airgead ar láimh agus airgead sa bhanc | 135 | 1,046 | 1,181 |
| Rótharraingt | (156) | 156 | – |
| | | **1,202** | |
| Iarmhéid cuideachta shealbhaíochta | 71,094 | 5,403 | 76,497 |
| | | **5,403** | |
| **Iomlán** | **71,073** | **6,605** | **77,678** |

## 19. Pinsin

Tá fostaithe Bhus Átha Cliath ina mbaill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Chóras Iompair Éireann. Feidhmíonn Grúpa Chóras Iompair Éireann dhá scéim pinsin le sochar sainithe a chlúdaíonn formhór na bhfostaithe, an dá cheann á maoiniú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus na baill.

Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla agus feidhm á baint as an modh aonaid réamh-mheasta. Ní féidir scaireanna duine aonair i sócmhainní agus dliteanais scéim pinsin Chóras Iompair Éireann a shainaithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnta toisc fiú dá mbeifí in ann baill neamhghníomhacha a leithdháileadh thar fhochuideachtaí bunaithe ar an lá deireanach fostaíochta, d'fhéadfadh go raibh fostaithe ag obair do níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a shainaithint cé leis an dliteanas (agus an tsócmhainn chomhfhreagrach) do na tréimhsí leanúnacha fostaíochta. Cuireadh na ranníocaíochtaí i ndáil leis na scéimeanna seo san áireamh, amhail is gur scéim shainithe ranníocaíochta a bhí ann mar a cheadaítear i Ráiteas um Thuairisciú Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochar Scoir) ag cuideachtaí Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Léirigh an luacháil achtúireach is déanaí ar na scéimeanna do sholáthairtí FRS 17 amhail an 31 Nollaig 2012 go raibh easnamh €491.9 milliún sna scéimeanna.

Ba é €11.4 milliún an costas pinsin don bhliain ar na scéimeanna sochair shainithe; áirítear na costais seo i nóta 3.

## 20. Ceangaltais Chaipitil

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ar conradh le haghaidh | **7,877** | 7,972 |
| Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar conradh le haghaidh | **27,504** | 25,958 |
| | **35,381** | 33,930 |

## 21. Dliteanais Theagmhasacha

### DLÍTHÍOCHT AR FEITHEAMH

Ó am go chéile, bíonn an chuideachta ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann dóibh, a éiríonn as baint leis na nithe sin de bhreis go hábhartha ar sholáthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais.

## 22. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is páirtithe gaolmhara den chuideachta iad aonáin faoi smacht Rialtas na hÉireann de bhua smacht Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

I ngnáthchúrsa gnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann; áirítear leis na príomhaonáin acu sin Comhairlí Cathrach agus Contae éagsúla, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus BSL. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam de na ceannacháin seo bainteach le gnó na cuideachta.

Tugann ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis atá ag teastáil faoi Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 8 (Nochtadh na bPáirtithe Gaolmhara) a bhaineann le hidirbhearta idir an chuideachta sin, na fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

Bus Átha Cliath

## 23. Ballraíocht i nGrúpa Chóras Iompair Éireann

Is fochuideachta ar lánúinéireacht atá i mBus Átha Cliath - Dublin Bus de chuid Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí na ballraíochta sa Ghrúpa.

## 24. Ballraíocht i nGrúpa Chóras Iompair Éireann

D'fhormheas na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 11 Aibreán 2013.

Bus Átha Cliath